ISSN 1977-0839

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
21 Márta 2014

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le tríú Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE** ([1]) . . . . . 1

★ **Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le treoirlínte le haghaidh gréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1336/97/CE** ([1]) . . . . . 14

**Praghas: EUR 3**

([1]) Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

GA

* Faoin tagairt L 86 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) Uimh. 282/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 11 Márta 2014**

**maidir le tríú Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine le háirithiú agus beartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme. Tá sé de dhualgas ar an Aontas beartais sláinte náisiúnta a chomhlánú agus tacú leo, comhar idir na Ballstáit spreagadh agus comhordúchán idir a gcláir a chur chun cinn, ag cloí go hiomlán le freagrachtaí na mBallstát as a mbeartais sláinte a shainiú agus as seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a sholáthar.

([1]) IO C 143, 22.5.2012, lch. 102.
([2]) IO C 225, 27.7.2012, lch. 223.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Feabhra 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 11 Márta 2014.

(2) Ní foláir iarracht leanúnach chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 168 CFAE a chomhlíonadh. Tá an cur chun cinn de shláinte mhaith ar leibhéal an Aontais ina chuid lárnach chomh maith de 'Eoraip 2020: Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach'("Straitéis Eoraip 2020"). Ach daoine a choinneáil folláin agus gníomhach níos faide agus iad a chumhachtú chun ról níos gníomhaí a thógáil chun a sláinte a bhainistiú, beidh éifeachtaí dearfacha foriomlána ag an méid sin ar a sláinte, lena n-áirítear neamhionannais sláinte a laghdú, agus tionchar dearfach ar a gcaighdeáin saoil, ar tháirgiúlacht agus iomaíochas, agus brú ar na buiséid náisiúnta á laghdú ag an am céanna. Cuidíonn tacaíocht agus aitheantas don nuálaíocht a bhfuil tionchar aici ar chúram sláinte le díriú ar dhúshlán na hinbhuanaitheachta san earnáil i gcomhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh,;agus tá sé tábhachtach beart a dhéanamh chun neamhionannais sláinte a laghdú chun críocha 'fás uilechuimsitheach' a bhaint amach. Is iomchuí sa chomhthéacs sin an tríú Clár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte (2014-2020) ('an Clár')'a bhunú.

(3) De réir an tsainmhínithe atá ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), "Is staid iomlán fhisiceach, intinne agus folláine sóisialta í an tsláinte agus ní amháin go bhfuil galar nó breoiteacht in easnamh." Ar mhaithe le sláinte dhaonra an Aontais a fheabhsú agus chun neamhionannais sláinte a laghdú, tá sé bunriachtanach nach ndírítear ar an tsláinte fhisiceach amháin. De réir EDS, is ionann fadhbanna meabhairshláinte agus 40% de na blianta a mhairtear faoi mhíchumas. Is réimse leathan é na fadhbanna meabhairshláinte, a mhaireann i bhfad, agus is foinse d'idirdhealú é a chuireann go mór leis an neamhionannas i gcúrsaí sláinte. Thairis sin, tá éifeacht ag an ngéarchéim eacnamaíoch ar na gnéithe a chinntíonn meabhairshláinte nuair a dhéantar fachtóirí cosantacha a lagú agus fachtóirí riosca a mhéadú.

(4) Maidir leis na cláir ghníomhaíochta Comhphobail a bhí ann cheana i réimse na sláinte poiblí (2003-2008) agus i réimse na sláinte (2008-2013) a glacadh trí Chinneadh Uimh. 1786/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle ([1]) agus trí Chinneadh Uimh. 1350/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ("na cláir sláinte roimhe seo") faoi seach, rinneadh measúnú dearfach orthu as roinnt forbairtí agus feabhsuithe tábhachtacha a bheith mar thoradh orthu. Ba cheart don chlár nua cur leis an méid atá bainte amach sna cláir sláinte roimhe. Ba cheart dó moltaí na n-iniúchtaí agus na meastóireachtaí seachtracha a rinneadh a chur san áireamh, go háirithe moltaí na Cúirte Iniúchóirí ina Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2009, ar dá réir gur cheart, don tréimhse tar éis 2013, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún an deis atá ann do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte poiblí agus cur chuige chistiú an Aontais sa réimse sin a athbhreithniú. Ba cheart an méid seo a dhéanamh ag cur san áireamh na hacmhainní buiséadacha atá ar fáil agus sásraí eile comhair a bheith ann mar mhodh chun comhoibriú agus malartú faisnéise a éascú i measc na bpáirtithe leasmhara ar fud na hEorpa".

(5) I gcomhréir le cuspóirí Straitéis Eoraip 2020, ba cheart don Chlár díriú ar shraith cuspóirí agus gníomhaíochtaí atá sainithe go maith a bhfuil breisluach don Aontas cruthaithe acu, agus tacaíocht a dhíriú ar líon níos lú gníomhaíochtaí i réimsí tosaíochta. Ba cheart béim a leagan, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ar réimsí ina bhfuil ceisteanna soiléire a bhaineann leis an margadh trasteorann nó leis an margadh intíre nó, ina bhfuil buntáistí agus gnóthachain éifeachtúlachta suntasacha ann a eascróidh as comhoibriú ar leibhéal an Aontais.

(6) Sa Chlár seo, ba cheart gníomhaíochtaí a chur chun cinn i réimsí ina bhfuil breisluach don Aontas a d'fhéadfaí a thaispeáint ar bhonn na gcritéar seo a leanas: dea-chleachtais idir na Ballstáit a mhalartú; tacú le líonraí roinnte eolais nó um fhoghlaim fhrithpháirteach; aghaidh a thabhairt ar bhagairtí trasteorann chun rioscaí a laghdú agus a n-iarmhairtí a mhaolú; aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áirithe maidir leis an margadh inmheánach i gcás ina bhfuil dlisteanacht shubstainteach ag an Aontas chun réitigh d'ardcháilíocht a áirithiú ar fud na mBallstát; acmhainneacht na nuálaíochta a scaoileadh I réimse na sláinte; gníomhaíochtaí as a bhféadfaidh córas tagarmharcála teacht chun gur féidir cinnteoireacht fheasach a dhéanamh ar leibhéal an Aontais; éifeachtúlacht a fheabhsú trí chur amú i ngeall ar dhúbláil a sheachaint agus trí úsáid acmhainní airgeadais a bharrfheabhsú.

(7) Maidir le cur chun feidhme an Chláir, ba cheart go n-urramófaí leis na freagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a sholáthar.

([1]) Cinneadh Uimh. 1786/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 lena nglactar clár gníomhaíochta Comhphobail i réimse na sláinte poiblí (2003-2008) (IO L 271, 9.10.2002, lch. 1).

([2]) Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an dara clár gníomhaíochta Comhphobail i réimse na sláinte (2008-2013) (IO L 301, 20.11.2007, lch. 3).

(8) I dtuarascáil EDS ar Chúrsaí Sláinte san Eoraip don bhliain 2009, aithnítear go bhfuil deis le haghaidh infheistíochta méadaithe sa tsláinte phoiblí agus i gcórais sláinte. I ndáil leis seo, spreagtar na Ballstáit chun feabhsú sláinte a aithint mar thosaíocht ina gcláir náisiúnta agus chun leas a bhaint as feasacht níos fearr i dtaobh deiseanna maidir le maoiniú ón Aontas i gcomhair sláinte. Mar sin, ba cheart don chlár glacadh a thorthaí i mbeartais sláinte náisiúnta a éascú.

(9) Ba cheart nuálaíocht sa chúram sláinte a thuiscint mar straitéis na sláinte poiblí nach bhfuil teoranta don dul chun cinn teicneolaíoch i dtéarmaí táirgí agus seirbhísí. Maidir le nuálaíocht a chothú i réimse idirghabhálacha na sláinte poiblí, na straitéisí coisctheacha, bhainistiú an chórais sláinte, agus i dtéarmaí seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a sholáthar, lena n-áirítear idirghabhálacha maidir le sláinte a chur chun cinn agus galar a chosc, is féidir torthaí na sláinte poiblí a fheabhsú, cáilíocht an chúraim le haghaidh othar a fheabhsú agus freagairt do riachtanais nach bhfuil comhlíonta, agus freisin iomaíochas na bpáirtithe leasmhara a chothú agus cost-éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht seirbhísí sláinte agus cúraim liachta a fheabhsú. Mar sin, ba cheart go n-éascódh an Clár an nuálaíocht a ghlacadh go deonach i réimse na sláinte, agus luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh mar a leagadh amach iad sna Conclúidí ón gComhairle an 2 Meitheamh 2006 ([3]).

(10) Ba cheart don Chlár, go háirithe i bhfianaise na géarchéime eacnamaíche, rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar neamhionannais sláinte agus comhionannas agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí faoi chuspóirí éagsúla agus trí mhalartú dea-chleachtas a spreagadh agus a éascú.

(11) De bhun Airteagal 8 agus Airteagal 10 CFAE, tá an Aontas chun comhionannas idir fir agus mná agus spreagadh agus beidh sé mar aidhm aige leithcheal a chomhrac. Dá bhrí sin, ba cheart don Chlár tacú le príomhshruthú na gcuspóirí comhionannais inscne agus frith-idirdhealaithe ina chuid gníomhaíochtaí go léir.

(12) Ba cheart othair a chumasú, *inter alia*, trí litearthacht maidir le cúrsaí sláinte a fheabhsú chun a sláinte agus a gcúram sláinte a bhainistiú ar bhealach níos réamhghníomhaí, agus chun drochshláinte a chosc mar aon le roghanna eolasacha a dhéanamh. Ba cheart trédhearcacht gníomhaíochtaí agus córas cúraim sláinte agus infhaighteacht faisnéise atá iontaofa, neamhspleách agus soláimhsithe d'othair a bharrfheabhsú. Ba cheart aiseolas ó othair agus cumarsáid leo a chur san áireamh i gcleachtais cúraim sláinte. Tá tacaíocht do Bhallstáit, eagraíochtaí othar agus geallsealbhóirí fíor-riachtanach agus ba cheart í a chomhordú ar leibhéal an Aontais chun cuidiú go héifeachtach le hothair, go háirithe leo siúd a bhfuil galair neamhchoitianta orthu chun leas a bhaint as cúram sláinte trasteorann.

([3]) Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhluachanna agus Comhphrionsabail i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh (IO C 146, 22.6.2006, lch. 1).

(13) Tá laghdú ualach na n-ionfhabhtuithe frithsheasmhacha agus na n-ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte agus áirithiú infhaighteachta frithmhiocróbaí bunriachtanach maidir le héifeachtúlacht na gcóras sláinte agus sábháilteacht na n-othar. Ba cheart go dtacófaí leis an gclár iarrachtaí leanúnacha chun modhanna anailíse a fheabhsú chun frithsheasamh frithmhiocróbach a bhrath agus a chosc agus líonrú a fheabhsú i measc na ngníomhaithe uile maidir le cúram sláinte, lena n-áirítear an earnáil tréidliachta, i dtaca le plé le frithsheasamh frithmhiocróbach.

(14) I gcomhthéacs sochaí atá ag aosú, is féidir, trí infheistíochtaí dea-stiúrtha chun sláinte a chur chun cinn agus galair a chosc, líon 'na mblianta ina bhfuil daoine ina sláinte' a mhéadú agus ar an gcaoi sin na daoine scothaosta a chumasú chun tairbhe a bhaint as saol a bheidh níos sláintiúla agus níos gníomhaí de réir mar atá siad ag aosú. Is iad na galair ainsealacha faoi deara 80 % den bhásmhaireacht anabaí san Aontas. Ba cheart don Chlár an méid seo a leanas a shainaithint a imscaipeadh agus a chur chun cinn: glacadh dea-chleachtas atá bunaithe ar fhianaise do bhearta cur chun cinn na sláinte agus do bhearta coisctheacha galar atá costéifeachtach agus lena ndírítear go háirithe ar na príomhghnéithe riosca, amhail caitheamh tobac, míúsáid drugaí, mí-úsáid alcóil agus nósanna neamhshláintiúla cothaithe, otracht agus neamhghníomhaíocht fhisiciúil agus freisin ar VEID/SEIF, ar an eitinn agus ar an heipitíteas. Chabhródh cosc éifeachtach le hinbhuanaitheacht airgeadais na gcóras cúraim sláinte a mhéadú. Ag oibriú dó taobh istigh de chreat atá íogair ó thaobh inscne de, ba cheart don Chlár cur le galair a chosc, i ngach gné de (príomha, tánaisteach agus treasach) agus thar saolré shaoránaigh an Aontais, le sláinte a chur chun cinn, agus le timpeallachtaí tacaíochta a chothú do stíleanna maireachtála folláine, ina gcuirfear gnéithe bunúsacha de chineál sóisialta nó comhshaoil san áireamh chomh maith leis an tionchar atá ag míchumais áirithe ar an tsláinte.

(15) Chun íosmhéadú a dhéanamh ar na hiarmhairtí don tsláinte poiblí ó bhagairtí sláinte trasteorann amhail a leagtar amach i gCinneadh Uimh 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], a d'fhéadfadh dul ó olléilliú i ngeall ar theagmhais cheimiceacha go paindéimí, amhail na cinn a thig le déanaí as E. coli, fliú de chineál H1N1 nó SARS (géarshiondróm trom riospráide) nó éifeachtaí sláinte a thagann as gluaiseachtaí daonra atá ag dul i méid, ba cheart don Chlár rannchuidiú le sásraí agus uirlisí láidre a chruthú agus a chothabháil chun mórbhagairtí sláinte trasteorann a bhrath, a mheasúnú agus a bhainistiú. I ngeall ar chineál na mbagairtí sin, ba cheart don Chlár tacú le bearta comhordaithe sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe éagsúla bhagairtí sláinte trasteorann, chun cur le hullmhacht agus pleanáil freagartha, le measúnú riosca láidir agus iontaofa agus le creat láidir bainistithe riosca agus géarchéime. Sa chomhthéacs seo, tá sé tábhachtach go dtairbheoidh an Clár de chomhlántacht le clár oibre an Lárionaid Eorpaigh chun galair a chosc agus a rialú arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] sa chomhrac in aghaidh galar teagmhálach agus leis na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi chláir an Aontais do thaighde agus do nuálaíocht. Ba cheart iarracht ar leith a dhéanamh chun comhtháiteacht agus sineirgí a áirithiú idir an Clár agus obair dhomhanda sláinte a dhéantar faoi chláir eile agus faoi ionstraimí eile Aontais a thugann aghaidh go háirithe ar réimsí an fhliú, VEID/SEIF, na heitinne agus bagairtí sláinte trasteorann eile i dtríú tíortha.

(16) Ba cheart go bhféadfaí a chumhdach faoin gClár gníomhaíocht bagairtí sláinte trasteorann a thig as teagmhais bhitheolaíocha agus cheimiceacha, as athrú aeráide nó comhshaoil freisin. Mar a dhearbhaítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún "Buiséad don Eoraip 2020", tá an Coimisiún tiomanta don athrú aeráide a phríomhshruthú isteach i gcláir chaiteachais iomláin an Aontais agus ar a laghad 20 % de bhuiséad an Aontais a dhíriú ar chuspóirí a bhaineann leis an aeráid. Tríd an gcaiteachas sa Chlár Sláinte faoi chuspóir sonrach sin maidir le bagairtí tromchúiseacha sláinte trasteorann ba cheart go gcuideofaí ar bhealach ginearálta leis an gcuspóir sin trí aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sláinte a bhaineann leis an athrú aeráide. Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún faisnéis ar fáil faoin gcaiteachas ar an athrú aeráide laistigh den Chlár.

(17) I gcomhréir le hAirteagal 114 CFAE, ba cheart ardleibhéal cosanta sláinte a áirithiú sa reachtaíocht a ghlacann an tAontas maidir le bunú agus feidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, ba cheart don Chlár iarracht ar leith a dhéanamh chun tacú le gníomhaíochtaí a cheanglaíonn cuspóirí reachtaíocht an Aontais i réimsí na ngalar teagmhálach agus bagairtí eile sláinte, fíochán agus ceall daonna, fola, orgán daonna, táirgí íocshláinte, feistí leighis, ceart othar i gcúram sláinte trasteorann agus táirgí tobac agus fógraíochta.

(18) Tá sé de dhualgas ar an gClár rannchuidiú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise trí chóras faisnéise agus eolais faoin tsláinte a chothú, agus gníomhaíochtaí ábhartha a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail EDS agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) á gcur san áireamh. Ba cheart go gcuimseodh an córas sin, *inter alia*, úsáid na n-ionstraimí atá ann cheana agus, de réir mar is iomchuí, tuilleadh forbartha ar fhaisnéis chaighdeánaithe agus ar uirlisí sláinte caighdeánaithe chun faireachán a dhéanamh ar

(1) Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

(2) Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (IO L 142, 30.4.2004, lch. 1)

cheisteanna sláinte, sonraí sláinte a bhailiú agus a anailísiú, tacú leis na Coistí Eolaíocha ([1]) agus scaipeadh forleathan thorthaí an Chláir.

(19) Tá beartas an Aontais i réimse na sláinte dírithe ar beartais náisiúnta sláinte a chomhlánú agus tacú leo, comhoibriú a spreagadh idir Ballstáit agus comhordú a chur chun cinn eatarthu i ndáil lena gcláir. Is ionstraim bhunúsach den bheartas sin é malartú na ndea-chleachtas. Ba cheart go ligfeadh malartú den sórt sin do na húdaráis náisiúnta tairbhe a bhaint as réitigh éifeachtúla a fhorbraítear i mBallstáit eile, dúbláil ina n-iarrachtaí a laghdú agus luach ar airgead a mhéadú trí réitigh nuálacha a chur chun cinn maidir le ceisteanna i réimse na sláinte. Dá bhrí sin, ba cheart don Chlár díriú go príomha ar chomhoibriú leis na húdaráis inniúla atá freagrach as sláinte sna Ballstáit agus dreasachtaí a thabhairt do gach Ballstát chun páirt níos mó a ghlacadh de réir mar a mholtar sna measúnuithe sna cláir a tháinig roimhe seo. Go háirithe, ba cheart rannpháirteachas Ballstát ar lú a nOllioncam Náisiúnta (OIN) in aghaidh an uine ná 90 % de mheán an Aontais a spreagadh go gníomhach chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag na húdaráis inniúla atá freagrach as sláinte phoiblí sna Ballstáit nó ag comhlachtaí atá údaraithe ag na húdaráis inniúla sin. Ba cheart féachaint ar ghníomhaíochtaí den sórt sin mar ghníomhaíochtaí úsáideacha ardluacha agus ba cheart dóibh freagairt don chuspóir go mbeadh rannpháirtíocht a éascú sna Ballstáit ar lú a nOIN in aghaidh an duine na 90 % de mheán an Aontais agus an rannpháirtíocht sin a dhéanamh níos leithne. Ba cheart féachaint ar thacaíocht bhreise agus neamh-airgeadais iomchuí le haghaidh rannpháirtíocht na mBallstát sin i ngníomhaíochtaí den sórt sin, mar shampla ó thaobh próisis iarratais, eolas a aistriú agus saineolaíocht a ghlacadh.

(20) Tá ról tábhachtach ag comhlachtaí neamhrialtasacha agus geallsealbhóirí sláinte, go háirithe ag eagraíochtaí othar agus comhlachais gairmithe sláinte, chun an fhaisnéis agus an chomhairle is gá a sholáthar don Choimisiún chun an Clár a chur chun feidhme. Lena linn sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ranníocaíochtaí ón gClár ag teastáil uathu chun a bheith in ann feidhmiú. Is ar an gcúis sin gur cheart go mbeadh rochtain ar an gClár ag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ag eagraíochtaí othar a oibríonn i réimse na sláinte poiblí, a imríonn ról éifeachtach i bpróisis agallaimh shibhialta ar leibhéal an Aontais, mar shampla rannpháirteachas i ngrúpaí comhairleacha, agus ar an gcaoi sin a rannchuidíonn le cuspóirí sonracha an Chláir a shaothrú.

(21) Ba cheart go gcuirfí sineirgí chun cinn sa Chlár agus dúbláil le cláir ghaolmhara agus le gníomhaíochtaí gaolmhara de chuid an Aontais á seachaint aige trí ghlacadh na bhforbairtí nuálacha a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí, ón taighde in earnáil na sláinte. Ba cheart úsáid iomchuí a bhaint as cistí agus as cláir eile de chuid an Aontais, go háirithe an Cláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2014-2020 (Fís 2020) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus a dtorthaí, na Cistí Struchtúracha, an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle ([4]),

straitéis an Aontais um shláinte agus um shábháilteacht san ionad oibre (2007-2012), an clár le haghaidh Iomaíochais Fiontar agus Fiontair bheaga agus mheánmhéide (COSME), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), an Clár um Ghníomhaíocht Chomhshaoil agus Aeráide (LIFE), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), an Clár Tomhaltóirí, an Clár um Cheartas, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) an Clár Comhpháirteach um Maireachtáil Chuidithe Chomhthimpeallach, an clár um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt (Erasmus+), a bunaíodh ag Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) agus an Clár Staidrimh Eorpach, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht maidir le hAoisiú Gníomhach, Folláin, laistigh dá ngníomhaíochtaí faoi seach.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 168(3) CFAE, cothóidh an tAontas agus na Ballstáit comhar le tríú tíortha agus

([1]) Cinneadh 2008/721/CE ón gCoimisiúin an 5 Lúnasa 2008 lenar cuireadh ar bun struchtúr comhairleach de choistí eolaíocha agus saineolaithe i réimsí shábháilteacht an tomhaltóra, na sláinte poiblí agus an chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2004/210/CE, (IO L 241, 10.9.2008, lch. 21).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 81).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoiniúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta agus cuimsiú sóisialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 238).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (COSME) (2014 - 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 33).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 614/2007(IO L 347, 20.12.2013, lch. 185).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaigh 2013 lena mbunaítear Clár um Cheartas don tréimhse 2014 go 2020 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 73).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear "Erasmus+": clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh, 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 50).

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17 (IO L 39, 9.2.2013, lch. 12).

leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla i réimse na sláinte poiblí. Ba cheart mar sin don Chlár a bheith oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha, go háirithe tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a thairbhíonn de straitéis réamhaontachais, tíortha Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE)/ Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), tíortha comharsanachta agus na tíortha a bhfuil feidhm ag Beartas Comharsanachta na hEorpa (BCE) maidir leo agus tíortha eile i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos trí aon chomhaontú ábhartha déthaobhach nó iltaobhach.

(23) Ba cheart caidreamh iomchuí le tríú tíortha nach bhfuil rannpháirteach sa Chlár a éascú chun cuidiú le cuspóirí an Chláir a bhaint amach, agus aon chomhaontuithe ábhartha idir na tíortha sin agus an tAontas á gcur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh an tAontas imeachtaí maidir leis an tsláinte a eagrú nó d'fhéadfadh tríú tíortha gníomhaíochtaí a dhéanamh a chomhlánódh na gníomhaíochtaí atá maoinithe faoin gClár i réimsí leasa fhrithpháirtigh, ach níor cheart go mbeidh ranníocaíocht faoin gClár i gceist.

(24) Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a uasmhéadú, agus d'fhonn an Clár a chur chun feidhme, ba cheart comhar a fhorbairt le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha amhail na Náisiúin Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí speisialaithe, go háirithe EDS, chomh maith le Comhairle na hEorpa agus ECFE.

(25) Ba cheart don Chlár dul ar aghaidh go ceann tréimhse seacht mbliana chun a ré a ailíniú le ré an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil mar a leagtar amach é sa Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013. ón gComhairle [1]. Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais don chlár ilbhliantúil arb í an phríomhthagairt, de réir bhrí Phointe 17 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach agus maidir le bainistiú fónta airgeadais [2], do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i rith an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(26) I gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3], soláthraítear leis an Rialachán seo an bunús dlí le haghaidh na gníomhaíochta agus le haghaidh chur chun feidhme an Chláir.

(27) Chun leanúnachas sa tacaíocht airgeadais a fhoráiltear faoin gClár d'fheidhmiú na n-eagraíochtaí a áirithiú, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann sa chlár oibre bliantiuil do 2014 costais a bhaineann go díreach le cur chun feidhme na gníomhaíochta a tacaíodh a mheas mar chostais a bheadh incháilithe do mhaoiniú, fiú má thabhaigh an tairbhí iad sular cuireadh isteach an t-iarratas airgeadais.

(28) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme trí bhíthin clár oibre bliantúil, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4].

(29) Ba cheart an Clár a chur chun feidhme ag cloí le prionsabal na trédhearcachta ina iomláine. Ba cheart acmhainní buiséadacha a roinnt idir cuspóirí éagsúla an Chláir ar bhealach cothromaithe le linn ré an Chláir agus na buntáistí dóchúla do chur chun cinn na sláinte á gcur san áireamh. Ba cheart don Chlár gníomhaíochtaí iomchuí a chumhdaíonn cuspóirí sonracha an Chláir agus a bhfuil breisluach soiléir don Aontas acu a roghnú agus a mhaoiniú. Ba cheart a leagan amach sna cláir oibre bhliantúla, go háirithe, na critéir fhíorriachtanacha roghnúcháin is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012 maidir le tairbhithe féideartha chun a áirithiú go bhfuil an acmhainneacht airgeadais agus oibríochtúil acu chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin gClár, agus, i gcás inarb iomchuí, go bhfuil an fhianaise a éilítear chun a neamhspleáchas a thaispeáint acu.

(30) Ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar luach agus ar iarmhairt an Chláir go tráthrialta. Ba cheart a chur san áireamh sa mheastóireacht go bhféadfadh sé go mbeadh gá le tréimhse níos faide ná ré an Chláir chun a chuspóirí a shaothrú. Leath bealaigh trí thréimhse an Chláir, ach tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2017, ba cheart an tuarascáil mheastóireachta lár téarma a tharraingt suas chun measúnú a dhéanamh ar an staid mar atá i leith tosaíochtaí téamacha an Chláir a chur chun feidhme.

(31) Chun go mbeadh an Clár in ann tairbhe iomlán a bhaint as torthaí na tuarascála meastóireachta lár-téarma maidir lena chur chun feidhme agus chun go ndéanfaí foráil le coigeartuithe a d'fhéadfadh a bheith ann a mbeadh gá leo chun a chuspóirí a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún d'fhonn tosaíochtaí téamacha a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaint nó d'fhonn tosaíochtaí téamacha nua nua a áireamh sa Rialachán seo. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn na hoibre ullmhúcháin, lena n-áirítear le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomh tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

[1] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

[2] IO C 373, 20.12.2013. lch. 1

[3] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

[4] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(32) Tá comhar na n-údarás náisiúnta fíor-riachtanach i roinnt faisnéise le hiarrthóirí ionchasacha chun go mbeidh rannpháirtíocht chothrom sa Chlár, agus i roinnt eolais a sholáthróidh an Clár le geallsealbhóirí náisiúnta éagsúla in earnáil na sláinte poiblí. Ar an gcaoi sin, ba cheart do na Ballstáit Pointí Fócais Náisiúnta a ainmniú chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin.

(33) Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis na saineolaithe ábhartha, lena n-áirítear Pointí Comhtheagmhála Náisiúnta.

(34) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin beart comhréireach ar feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis.

(35) Ba cheart idirthréimhse a áirithiú idir an Clár nua agus an clár roimhe a ionadaítear leis seo, go háirithe maidir le leanúint de na socruithe ilbhliantúla dá bhainistiú, amhail cúnamh teicniúil agus airgeadais a mhaoiniú. Amhail ón 1 Eanáir 2021, ba cheart, más gá, do na leithreasaí do chúnamh teicniúil agus riaracháin an caiteachas a bhaineann le bainistiú gníomhaíochtaí nach mbeidh tugtha chun críche fós faoi dheireadh 2020 a chumhdach.

(36) Ós rud é nach féidir cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo, eadhon tacú le bearta an Aontais chun sláinte dhaonra an Aontais a fheabhsú agus luach a chur leis na bearta sin, neamhionannais sláinte a laghdú tríd an tsláinte a chur chun cinn agus an nuálaíocht a spreagadh i réimse na sláinte, inbhuanaitheacht na gcóras sláinte a mhéadú agus saoránaigh an Aontais a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann, a bhaint amach go leordhóthanach ag na Ballstáit ach gur fearr, ar bhonn scála agus iarmhairtí an Rialacháin seo, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(37) Cuirtear an Rialachán seo in ionad Chinneadh Uimh. 1350/2007/CE. Ba cheart an Cinneadh sin a aisghairm dá bhrí sin.

(38) Is cuí trasdul réidh gan bhriseadh idir an clár a bhí ann roimhe sin i réimse na sláinte (2008-2013) agus an Clár a áirithiú, agus tréimhse an Chláir a ailíniú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag an gClár amhail ón 1 Eanáir 2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

### An Clár a bhunú

Leis an Rialachán seo bunaítear tríú clár ilbhliantúil do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 ("an Clár").

*Airteagal 2*

### Cuspóirí ginearálta

Is iad cuspóirí ginearálta an Chláir seo luach agus tacaíocht a thabhairt do bheartais na mBallstát agus na beartais sin a chomhlánú chun sláinte shaoránaigh an Aontais a fheabhsú agus neamhionannais sláinte a laghdú tríd an tsláinte a chur chun cinn agus an nuálaíocht a spreagadh i réimse na sláinte, inbhuanaitheacht na gcóras sláinte a mhéadú agus saoránaigh an Aontais a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann.

CAIBIDIL II

## CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

*Airteagal 3*

### Cuspóirí agus táscairí sonracha

Déanfar na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 2 a shaothrú trí na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(1) Chun an tsláinte a chur chun cinn, galair a chosc agus timpeallachtaí tacúla do shlite beatha a chothú: trí dhea-chleachtais atá bunaithe ar fhianaise agus ar bhearta coisctheacha atá cost-éifeachtach maidir le sláinte a chur chun cinn agus galair a chosc a shainaithint, a imscaipeadh agus a chur chun cinn, ar bearta iad lena ndírítear go háirithe ar ghnéithe riosca bunúsacha a bhaineann le stíl mhaireachtála agus lena ndírítear ar bhreisluach don Aontas.

Déanfar an cuspóir sin a thomhas, go háirithe, tríd an méadú ar líon na mBallstát a bheidh rannpháirteach i gcur chun cinn na sláinte agus i gcosc galar, agus úsáid á baint acu as dea-chleachtais atá bunaithe ar fhianaise trí bhearta agus trí ghníomhaíochtaí a ghlacfar ar leibhéal iomchuí i mBallstáit.

(2) Chun saoránaigh an Aontais a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann: bealaí cur chuige atá comhsheasmhach a aithint agus a fhorbairt agus a gcur chun feidhme a chur chun cinn chun feabhas a chur ar ullmhacht agus ar chomhordú i gcásanna éigeandála sláinte.

Déanfar an cuspóir seo a thomhas go háirithe tríd an méadú ar líon na mBallstát a chomhtháthóidh na bealaí cur chuige comhleanúnacha agus a bpleananna ullmhachta á bhforbairt acu.

(3) Chun tacaíocht a thabhairt d'acmhainneacht sláinte poiblí a mhéadú agus chun cur le córais sláinte a bheidh nuálach, éifeachtach agus inbhuanaithe: uirlisí agus sásraí ar leibhéal an Aontais a shainaithint agus a fhorbairt chun díriú ar ghanntanais acmhainní, idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus chun glacadh na nuálaíochta deonaí i straitéisí idirghabhála agus coisctheacha a éascú maidir leis an tsláinte poiblí.

Déanfar an cuspóir sin a thomhas go háirithe tríd an gcomhairle a thabharfar agus trí líon na mBallstát a úsáidfidh na huirlisí agus na sásraí a shainaithneofar d'fhonn cuidiú le torthaí éifeachtacha ina gcórais sláinte.

(4) Chun rochtain ar chúram sláinte níos fearr agus níos sábháilte do shaoránaigh an Aontais a éascú: rochtain ar shaineolas leighis agus ar fhaisnéis faoi dhálaí sonracha a mhéadú thar theorainneacha náisiúnta, cur i bhfeidhm thorthaí an taighde a éascú, agus uirlisí a fhorbairt chun sábháilteacht othar agus cáilíocht cúraim sláinte a fheabhsú, *inter alia*, trí ghníomhaíochtaí a chuidíonn le litearthacht sláinte a fheabhsú.

Déanfar an cuspóir seo a thomhas go háirithe tríd an méadú ar an líon líonraí tagartha Eorpacha a bhunaítear i gcomhréir le Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) ("líonraí tagartha Eorpacha"); tríd an méadú ar líon na ngairmithe sláinte agus na n-ionad barr feabhais a thiocfaidh isteach sna líonraí tagartha Eorpacha; agus an méadú ar líon na mBallstát a úsáidfidh na huirlisí a dhéanfar a fhorbairt.

*Airteagal 4*

**Gníomhaíochtaí incháilithe**

Déanfar cuspóirí sonracha an Chláir a bhaint amach trí na gníomhaíochtaí i gcomhréir leis na tosaíochtaí téamacha a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a cuirtear i bhfeidhm trí na cláir oibre bhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 11.

CAIBIDIL III

**FORÁLACHA AIRGEADAIS**

*Airteagal 5*

**Cistiú**

Is é EUR 449 394 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a údaróidh na leithreasaí laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil.

*Airteagal 6*

**Rannpháirtíocht tríú tíortha**

Beidh an Clár ar oscailt ar bhonn costais, do rannpháirtíocht tríú tíortha, go háirithe:

(a) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a bhaineann tairbhe as straitéis réamhaontachais, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus leis na téarmaí ginearálta maidir lena rannpháirtíocht i gcláir Aontais a bhunaítear sna Comhaontuithe Réime, sna Comhaontuithe Comhlachais ón gComhairle nó i gcomhaontuithe dá samhail;

(b) tíortha CSTE/LEE i gcomhréir leis na coinníollacha a bhunaítear i gComhaontú LEE;

(c) tíortha comharsanachta agus na tíortha a mbeidh feidhm ag BCE maidir leo i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos trí chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach ábhartha;

(d) tíortha eile i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú déthaobhach nó iltaobhach ábhartha.

*Airteagal 7*

**Cineálacha idirghabhála**

1. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012, beidh ranníocaíochtaí airgeadais an Aontais i bhfoirm deontas, soláthair phoiblí nó aon fhoirm idirghabhála eile is gá chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach.

2. Féadtar deontais a dhámhachtain chun na nithe seo a leanas a chistiú:

(a) gníomhaíochtaí a mbeidh breisluach soiléir acu don Aontas a chómhaoineoidh údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as an tsláinte nó na tríú tíortha a bheidh rannpháirteach sa Chlár de bhun Airteagal 6, nó comhlachtaí san earnáil phoiblí agus comhlachtaí neamhrialtasacha, amhail dá dtagraítear in Airteagal 8(1), a bheidh ag gníomhú ina n-aonar nó mar líonra, ar comhlachtaí iad a shainordóidh na húdaráis inniúla sin;

(b) gníomhaíochtaí a mbeidh breisluach soiléir acu don Aontas dá bhforáiltear go sonrach dóibh agus go mbeidh bonn cirt cuí agus ríshoiléir leis an gcinneadh sna cláir oibre bhliantúla a chómhaoineoidh comhlachtaí poiblí, neamhrialtasacha nó príobháideacha eile, dá dtagraítear in Airteagal 8(1), lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheidh gníomhach i réimse na sláinte agus; i gcás na n-eagraíochtaí sin, i gcás inarb iomchuí, gan ghlao ar thograí roimh ré;

(c) feidhmiú comhlachtaí neamhrialtasacha dá dtagraítear in Airteagal 8(2) i gcás inar gá tacaíocht airgeadais chun cuspóir sonrach amháin nó níos mó den Chlár a shaothrú.

3. Ní sháróidh deontais a íocfaidh an tAontas 60 % de na costais incháilithe do ghníomhaíocht lena ndíreofar ar chuspóir de chuid an Chláir nó d'fheidhmiú comhlachta neamhrialtasaigh. I gcásanna fóntais eisceachtúil, féadfaidh ranníocaíocht an Aontais dul suas go 80 % de na costais incháilithe.

([1]) Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

Chun críoch na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, baintear amach fóntas eisceachtúil, *inter alia*, i gcás:

(a) go leithdháiltear ar a laghad 30% den bhuiséad don ghníomhaíocht a mholtar do Bhallstáit ar lú a n-OIN in aghaidh an chónaitheora ná 90 % de mheán an Aontais; agus

(b) go bhfuil comhlachtaí ó 14 de thíortha rannpháirteacha ar a laghad páirteach sa ghníomhaíocht, agus ar a laghad ceithre acu tíortha ar lú a n-OIN in aghaidh an chónaitheora ná 90 % de mheán an Aontais.

4. De mhaolú ar Airteagal 130(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, agus i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo, féadfaidh an Coimisiún, sa chlár oibre bliantúil do 2014, na costais a bhaineann go díreach le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ar tacaíodh leo a mheas mar chostais a bheidh incháilithe do mhaoiniú ón 1 Eanáir 2014, fiú má thabhaigh an tairbhí iad sular cuireadh isteach an t-iarratas airgeadais.

*Airteagal 8*

**Tairbhithe atá incháilithe do dheontais**

1. Féadfar na deontais do ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(a) agus (b) a dhámhachtain ar eagraíochtaí a bheidh bunaithe go dlíthiúil, ar údaráis phoiblí, ar chomhlachtaí earnála poiblí, go háirithe ar institiúidí taighde agus sláinte, ar ollscoileanna agus ar institiúidí ardoideachais.

2. Féadfar na deontais d'fheidhmiú na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(c) a dhámhachtain ar na comhlachtaí a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) is comhlachtaí iad atá neamhrialtasach, neamhbhrabúsach agus neamhspleách ar leasanna tionsclaíochta, tráchtála agus gnó nó ar leasanna contrártha eile;

(b) tá siad ag obair i réimse na sláinte poiblí, ag imirt róil éifeachtaigh i bpróisis na n-agallamh sibhialta ar leibhéal an Aontais agus saothraíonn siad cuspóir sonrach amháin ar a laghad den Chlár;

(c) tá siad gníomhach ar leibhéal an Aontais agus i leath na mBallstát ar a laghad, agus tá cumhdach geografach cothromúil ar an Aontas acu.

*Airteagal 9*

**Cúnamh riaracháin agus teicniúil**

Féadfaidh an t-imchlúdach don Chlár costais a chumhdach freisin a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhachta, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta a éileofar go díreach chun an Clár a bhainistiú agus a chuspóirí a bhaint amach, go háirithe staidéir, cruinnithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéad a bhainfidh siad le cuspóirí ginearálta an Chláir, costais a bhainfidh le líonraí TF lena ndíreofar ar mhalartú faisnéise, chomh maith le gach costas maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin a thabhóidh an Coimisiún chun an Clár a bhainistiú.

CAIBIDIL IV

**CUR CHUN FEIDHME**

*Airteagal 10*

**Modhanna cur chun feidhme**

Beidh an Coimisiún freagrach as cur chun feidhme an Chláir i gcomhréir leis na modhanna bainistithe a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

*Airteagal 11*

**Cláir oibre bhliantúla**

1. Déanfaidh an Coimisiún an Clár a chur chun feidhme trí chláir oibre bhliantúla a bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus leis na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cláir oibre bhliantúla a leagfar síos iontu, go háirithe, na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh, lena n-áirítear leithdháileadh táscach acmhainní airgeadais. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

3. Agus an Clár á chur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, go gcomhlíonfar na forálacha dlíthiúla ábhartha uile maidir le cosaint sonraí pearsanta agus, i gcás inarb iomchuí, go dtabharfar isteach sásraí chun rúndacht agus sábháilteacht sonraí den sórt sin a áirithiú.

*Airteagal 12*

**Comhsheasmhacht agus comhlántacht le beartais eile**

Áiritheoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, comhsheasmhacht agus comhlántacht fhoriomlán idir an Clár agus beartais, ionstraimí agus gníomhaíochtaí eile an Aontais, lena n-áirítear iad siúd de chuid ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais.

*Airteagal 13*

**Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí agus iad a scaipeadh**

1. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, faireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoin gClár i bhfianaise a chuspóirí agus a tháscairí, lena n-áirítear aon fhaisnéis a bheidh ar fáil maidir le méid an chaiteachais a bhainfidh leis an aeráid. Tabharfaidh sé tuairisc faoin méid sin don choiste dá dtagraítear in Airteagal 17(1), agus coimeádfaidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas.

2. Ar iarratas ón gCoimisiún, cuirfidh na Ballstáit aon fhaisnéis a bheidh ar fáil faoina bhráid maidir le cur chun feidhme agus le tionchar an Chláir. Beidh iarratais den sórt sin ar fhaisnéis comhréireach agus seachnóidh siad aon mhéadú nach gá a fhorchur ar ualach riaracháin na mBallstát.

3. Leath bealaigh trí thréimhse an Chláir ach tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2017, tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil mheastóireachta lárthéarma maidir le cuspóirí an Clár a bhaint amach, an staid maidir le cur chun feidhme na dtosaíochtaí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus maidir le héifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus breisluach an Chláir don Aontas, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh maidir leis na tosaíochtaí téamacha a athnuachan, a mhodhnú nó a fhionraí. Fairis sin, tabharfaidh an mheastóireacht aghaidh ar na féidearthachtaí i ndáil le simpliú a dhéanamh, le comhtháthú inmheánach agus seachtrach an Chláir, le hábharthacht leanúnach gach cuspóra, chomh maith leis an méid a rannchuidíonn na gníomhaíochtaí leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 168 CFAE a bhaint amach. Cuirfidh sé san áireamh torthaí meastóireachta maidir le tionchar fadtéarmach an chláir ba réamhtheachtaí.

Sa tuarascáil mheastóireachta lár téarma, déanfaidh an Coimisiún an méid seo leanas, go háirithe, a léiriú:

(a) mura féidir ceann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí téamúla a liostaítear in Iarscríbhinn I a chur chun feidhme agus a bhaint amach i gcomhréir le cuspóirí an Chláir agus laistigh den tréimhse atá fágtha don Chlár;

(b) cibé ar sainaithníodh sa mheastóireacht saintosaíocht théamach shonrach amháin nó níos mó nach liostaítear in Iarscríbhinn I, ach atá riachtanach anois chun cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir a bhaint amach,;

(c) na cúiseanna atá leis na Conclúidí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b).

Déanfar meastóireacht ar iarmhairtí fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht éifeachtaí an Chláir d'fhonn cur le Cinneadh maidir le hathnuachan, modhnú nó fionraí cláir a d'fhéadfaí a dhéanamh ina dhiaidh sin.

4. Poibleoidh an Coimisiún torthaí na ngníomhaíochtaí a dhéanfar de bhun an Rialacháin seo agus áiritheoidh sé go scaipfear go forleathan iad d'fhonn go mbeidh sláinte níos fearr faoi réim ar fud an Aontais.

*Airteagal 14*

**An méid a leanfaidh as an tuarascáil mheastóireachta lárthéarma**

1. I gcás ina sainaithnítear sa tuarascáil mheastóireachta lárthéarma nach féidir tosaíocht théamach amháin nó níos mó a chur chun feidhme nó a bhaint amach i gcomhréir le cuspóirí an Chláir agus laistigh de thréimhse an Chláir, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18, faoin 31 Lúnasa 2017, d'fhonn an tosaíocht théamach nó na tosaíochtaí téamacha lena mbaineann a bhaint d'Iarscríbhinn I. Ní féidir ach le gníomh tarmligthe amháin lena mbaintear tosaíocht théamach amháin nó mó teacht i bhfeidhm de bhun Airteagal 18 i gcaitheamh ré an Chláir.

2. I gcás ina sainaithnítear sa tuarascáil mheastóireachta lárthéarmasaintosaíocht théamach shonrach amháin nó níos mó nach liostaítear in Iarscríbhinn I, ach atá riachtanach anois chun cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir a bhaint amach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 18, a ghlacadh faoin 31 Lúnasa 2017, d'fhonn tosaíocht théamach nó tosaíochtaí téamacha lena mbaineann a chur le hIarscríbhinn I. Is gá go bhféadfar tosaíocht théamach a bhaint amach laistigh de thréimhse an Chláir. Ní féidir ach le gníomh tarmligthe amháin teacht i bhfeidhm de bhun Airteagal 18 i gcaitheamh ré an Chláir lena gcuirtear tosaíocht théamach nó tosaíochtaí téamacha den sórt sin leis an Iarscríbhinn.

3. Má chuirtear nó má bhaintear tosaíochtaí téamacha ní mór cloí leis na cuspóirí ginearálta agus leis na shainchuspóir ábhartha an Chláir.

*Airteagal 15*

**Pointí Comhtheagmhála Náisiúnta**

Ainmneoidh na Ballstáit Pointí Comhtheagmhála Náisiúnta a chuideoidh leis an gCoimisiún an Clár a chur chun cinn, agus de réir mar is iomchuí, torthaí an Chláir a scaipeadh mar aon leis an bhfaisnéis a bheidh ar fáil faoi thionchar an Chláir agus dá dtagraítear in Airteagal 13(2).

*Airteagal 16*

**Cosaint leasanna airgeadais an Aontais**

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun a áirithiú, an tráth a gcuirfear gníomhaíochtaí a maoineofar faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí pionóis dhíspreagthacha riaracháin agus airgeadais.

2. Beidh cumhacht ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh ar bhonn doiciméad agus ar an mball, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais faoin Rialachán seo.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) fiosrúcháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an mball, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle [2] d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó

(1) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

(2) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an mball a dhéanfaidh an Coimisiún d'fhonn leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus míréireachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais maidir le comhaontú deontais nó cinneadh faoi dheontas nó conradh a cistíodh faoin Rialachán seo.

4. Gan dochar do mhír 1 ná do mhír 2 ná do mhír 3, beidh forálacha sna comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus sna conarthaí, sna comhaontuithe deontais agus sna cinntí deontais, a eascróidh ón Rialachán seo a chur chun feidhme, lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí fiosrúcháin den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

CAIBIDIL V

## FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

*Airteagal 17*

### An nós imeachta coiste

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Is é a bheidh sa choiste sin coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtabharfaidh an Coiste aon tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 18*

### An tarmligean a fheidhmiú

1. Déantar an chumacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Maidir leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (2), tabharfar don Choimisiún í ar feadh tréimhse feidhmithe an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (2) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na gcumhachtaí a shonraítear sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 14 (1) agus (2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 19*

### Forálacha idirthréimhseacha

1. Leis an imchlúdach airgeadais don Chlár féadfar na costais is gá maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach freisin chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta a glacadh faoi Chinneadh Uimh. 1350/2007/CE a áirithiú.

2. Más gá, féadfar leithreasaí a iontráil sa bhuiséad thar 2020 chun na costais dá bhforáiltear in Airteagal 9 a chumhdach, le go bhféadfar gníomhaíochtaí nach dtabharfar chun críche faoi 31 Nollaig 2020 a bhainistiú.

*Airteagal 20*

### Aisghairm

Aisghairfear Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

*Airteagal 21*

### Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Márta 2014.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| M. SCHULZ | D. KOURKOULAS |

*IARSCRÍBHINN I*

## TOSAÍOCHTAÍ TÉAMACHA

1. **An tsláinte a chur chun cinn, galair a chosc agus timpeallachtaí tacúla a chothú i gcomhair slite beatha atá folláin lena n-áirítear an prionsabal, mar atá, 'an tsláinte a chur san áireamh i ngach beartas'**

1.1. Bearta cost-éifeachtacha maidir le cur chun cinn agus cosc, i gcomhréir le straitéisí AE maidir le halcól agus leis an gcothú go háirithe, agus lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun tacaíocht a thabhairt don mhalartú dea-chleachtas a bheidh bunaithe ar fhianaise chun aghaidh a thabhairt ar thosca an riosca amhail caitheamh tobac agus caitheamh fulangach tobac, úsáid dhochrach alcóil, drochnósanna cothaithe agus easpa aclaíochta coirp, ag cur san áireamh na ngnéithe de shláinte an phobail a bhaineann leis na fachtóirí bunúsacha, amhail iad siúd atá de chineál sóisialta nó de chineál timpeallachta lena ndírítear ar bhreisluach don Aontas.

1.2. Bearta chun gníomhaíochtaí na mBallstát a chomhlánú chun damáiste don tsláinte de bharr drugaí a laghdú, lena n-áirítear bearta maidir le faisnéis agus cosc.

1.3. Tacaíocht éifeachtach a thabhairt don fhreagairt ar ghalair thógálacha amhail VEID/SEIF, an eitinn agus an heipitíteas tríd an nglacadh den chleachtais atá fianaise-bhunaithe agus dea-chleachtas a shainaithint, a imscaipeadh agus a chur chun cinn ar mhaithe le cosc, fáthmheas, cúram agus cóireáil a bheidh cost-éifeachtach.

1.4. Tacú le comhar agus le líonrú san Aontas maidir leis an bhfreagairt do ghalair ainsealacha, lena n-áirítear an ailse, galair a bhaineann le dul in aois agus galair néaraimheathlúcháin, trí eolas agus dea-chleachtais a roinnt agus trí fhorbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha maidir le cosc, maidir le bainistiú agus leis an luath-aimsiú (lena n-áirítear feasacht maidir leis an tsláinte agus le féinbhainistiú). Athleanúint a dhéanamh ar thaighde atá déanta cheana maidir leis an ailse, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ábhartha a mhol an Chomhpháirtíocht Eorpach um Ghníomhaíocht in Aghaidh na hAilse.

1.5. Gníomhaíochtaí a cheanglaítear le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais i réimsí táirgí tobac, na fógraíochta agus na margaíochta nó a rannchuidíonn lena cur chun feidhme, . Féadfar gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chur chun feidhme, ar chur i bhfeidhm, ar fhaireachán agus ar athbhreithniú na reachtaíochta sin bheith san áireamh i ngníomhaíocht den sórt sin sin.

1.6. Córas faisnéise agus eolais faoin tsláinte a chothú chun rannchuidiú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear úsáid na n-ionstraimí atá ann cheana agus, nuair is iomchuí, tuilleadh forbartha ar fhaisnéis agus uirlisí sláinte caighdeánaithe chun faireachán a dhéanamh ar chúrsaí sláinte, sonraí sláinte a bhailiú agus a anailísiú agus scaipeadh forleathan thorthaí an Chláir.

2. **Saoránaigh an Aontais a chosaint ar bhagairtí** tromchúiseacha sláinte trasteorann.

2.1. Feabhas a chur ar mheasúnú riosca agus bearnaí i gcumais mheasúnaithe riosca a líonadh trí chumais bhreise do shaineolas eolaíoch a sholáthar agus fardal de na measúnuithe atá ann cheana a dhéanamh.

2.2. Tacú le forbairt acmhainní i gcoinne bagairtí sláinte i mBallstáit, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, oibriú i gcomhar le tíortha comharsanachta: pleanáil ullmhachta agus freagartha a fhorbairt, lena gcuirtear san áireamh agus lena ndéantar comhoibriú le tionscnaimh dhomhanda, le comhpháirteanna den phleanáil ullmhachta cineálaí agus sonraí, leis an gcomhordú i dtaca le bearta sláinte poiblíle bealaí cur chuige neamhcheangailteacha i leith vacsaíniú; aghaidh a thabhairt ar na bagairtí sláinte atá ag méadú de bharr gluaiseachtaí daonra ar fud an domhain; treoirlínte maidir le bearta cosantacha i gcás éigeandála, treoirlínte maidir le faisnéis agus treoirleabhair faoi dhea-chleachtais a fhorbairt; rannchuidiú leis an gcreat i gcomhair sásra dheonaigh, lena n-áirítear clúdach optamach maidir le vaicsaíniú a bhunú chun an méadú ar ghalair thógálacha a chomhrac go héifeachtach agus d'fhonn soláthar comhpháirteach frithbheart leighis a ghnóthú; agus straitéisí comhleanúnacha cumarsáide a fhorbairt.

2.3. Gníomhaíochtaí a cheanglaítear faoi chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais nó a rannchuidíonn lena cur chun feidhme i réimsí na ngalar teagmhálach agus bagairtí eile sláinte, lena n-áirítear iad siúd arb iad teagmhais bhitheo-laíocha agus cheimiceacha, agus athrú comhshaoil agus aeráide, is cúis leo. Féadfar gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme, ar chur i bhfeidhm, ar fhaireachán agus ar athbhreithniú na reachtaíochta sin a áireamh i ngníomhaíocht den sórt sin.

2.4. Córas faisnéise agus eolais a chothú maidir leis an dea-shláinte chun rannchuidiú le cinnteoireacht a bheidh bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear úsáid na n-ionstraimí atá ann cheana agus, nuair is iomchuí, tuilleadh forbartha ar fhaisnéis agus uirlisí sláinte caighdeánaithe maidir le faireachán a dhéanamh ar chúrsaí sláinte, sonraí sláinte a bhailiú agus a anailísiú agus scaipeadh forleathan thorthaí an Chláir.

3. **Rannchuidiú le córais sláinte nuálacha, éifeachtacha agus inbhuanaithe**

3.1. Tacú le comhar deonach idir Ballstáit maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte faoin líonra um measúnú ar theicneolaíocht sláinte a bunaíodh le Cinneadh 2011/24/AE. Éascú a dhéanamh ar ghlacadh thorthaí na dtionscadal taighde a dtugtar tacaíocht dóibh faoi Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007-2013), a glacadh le Cinneadh Uimh. 1282/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus, san fhadtéarma, ar na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (Fís 2020).

([1]) Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpach um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007-2013) (IO L 412, 30.12.2006, lch. 1).

3.2. Taobhú le glacadh deonach na nuálaíochta i réimse na sláinte agus na ríomhShláinte trí idir-inoibritheacht na gclár othar agus réitigh ríomhShláinte eile a mhéadú; tacú comhar maidir le ríomhShláinte san Aontas, go háirithe maidir le cláir agus maidir le glacadh na ngairmithe sláinte. Rannchuideoidh an méid seo leis an líonra deonach um ríomhShláinte a bunaíodh le Cinneadh 2011/24/AE.

3.3. Tacú le hinbhuanaitheacht an lucht saothair i réimse na sláinte trí phleanáil agus réamh-mheastachán éifeachtach a fhorbairt, i dtéarmaí uimhreacha, comhionannais idir fir agus mná, raon feidhme cleachtais agus a mhéid a oireann an oiliúint do na scileanna atá ag teastáil, lena n-áirítear an cumas leas a bhaint as córais nua faisnéise agus as ardteicneolaíochtaí eile, faireachán a dhéanamh ar shoghluaisteacht (laistigh den Aontas) agus imirce na ngairmithe sláinte, straitéisí éifeachtúla earcaíochta a chothú agus straitéisí coinneála agus forbairt acmhainní a bhunú, agus aird chuí á tabhairt ar cheist an spleáchais agus ar an daonra bheith ag aosú.

3.4. Saineolas a thabhairt agus dea-chleachtais a roinnt chun cabhrú le Ballstáit a thugann faoi chórais sláinte a athchóiriú trí shásra a bhunú chun saineolas ar leibhéal an Aontais a chomhthiomsú, le go gcuirfear comhairle fhónta ar fáil a bheidh bunaithe ar fhianaise faoi infheistíocht agus nuálaíocht éifeachtach agus éifeachtúil i réimse na sláinte poiblí agus sna córais sláinte. Éascú a dhéanamh ar ghlacadh thorthaí na dtionscadal taighde a dtugtar tacaíocht dóibh faoi Sheachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007-2013) agus, san fhadtéarma, ar na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (Fís 2020).

3.5. Tacú le gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar cheisteanna sláinte i sochaí atá ag aosú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ábhartha a mhol an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht maidir le hAosú Gníomhach agus Folláin faoina trí théama: nuálaíocht sa bhfeasacht, cosc agus fáthmheas luath; nuálaíocht i gcúram agus i leigheas agus nuálaíocht don aosú gníomhach agus don mhaireachtáil neamhspleách.

3.6. Gníomhaíochtaí a cheanglaítear faoi chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais nó a rannchuidíonn leis i réimse na bhfeistí leighis, na dtáirgí leighis agus an chúraim sláinte trasteorann. Féadfar gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chur chun feidhme, ar chur i bhfeidhm, ar fhaireachán agus ar athbhreithniú na reachtaíochta sin a éascú a chur san áireamh i ngníomhaíocht den sórt sin.

3.7. Córas faisnéise agus eolais a chothú faoin tsláinte chun rannchuidiú le cinnteoireacht a bheidh bunaithe ar fhianaise lena n-áirítear úsáid na n-ionstraimí atá ann cheana, tuilleadh forbartha, nuair is iomchuí, ar fhaisnéis chaighdeánaithe agus ar uirlisí sláinte caighdeánaithe maidir le faireachán a dhéanamh ar an tsláinte, sonraí sláinte a bhailiú agus a anailísiú agus scaipeadh forleathan thorthaí an Chláir, agus tacaíocht do na Coistí Eolaíocha a cuireadh ar bun i gcomhréir le Cinneadh 2008/721/CE.

4. **Rochtain ar chúram sláinte níos fearr agus níos sábháilte do shaoránaigh an Aontais a éascú**

4.1. Tacú le córas líonraí tagartha Eorpacha a bhunú d'othair a bhfuil fadhbanna sláinte acu a éilíonn cúram ard-speisialaithe agus comhdhlúthú áirithe acmhainní nó saineolais, amhail i gcás galar neamhchoiteann, ar bhonn critéar atá le bunú faoin Treoir 2011/24/AE.

4.2. Tacú le Ballstáit, le heagraíochtaí othar agus le geallsealbhóirí trí ghníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais chun cuidiú go héifeachtach le hothair a bhfuil galair neamhchoitianta orthu. Áirítear leis sin líonraí tagartha a chruthú (i gcomhlíonadh phointe 4.1), mar aon le bunachair sonraí agus cláir ar fud an Aontais ar ghalair neamhchoitianta bunaithe ar na critéir choiteanna.

4.3. Comhar maidir le sábháilteacht othar agus cáilíocht cúraim sláinte a neartú, *inter alia*, tríd an Moladh ón gComhairle an 9 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht othar lena n-áirítear cosc agus rialú ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte ([1]) a chur chun feidhme; malartú dea-chleachtas maidir le córais dearbhaithe cáilíochta; treoirlínte agus uirlisí a fhorbairt chun sábháilteacht othar agus cáilíocht a chur chun cinn; infhaighteacht faisnéise faoi shábháilteacht agus cháilíocht a mhéadú d'othair, aiseolas agus idirghníomhaíocht idir soláthróirí sláinte agus othair a fheabhsú.

4.4. I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta i gcoinne na mbagairtí a eascraíonn go mion minic as frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, úsáid stuama na n-oibreán frithmhiocróbach i dtáirgí íocshláinte a fheabhsú agus na cleachtais a mhéadaíonn frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach a laghdú, go háirithe sna hospidéil; cosc éifeachtach agus bearta sláinteachais a chur chun cinn d'fhonn ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú; ualach na n-ionfhabhtuithe frithsheasmhacha agus ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a laghdú agus infhaighteacht ábhar frithmhiocróbach éifeachtach a áirithiú.

4.5. Gníomhaíochtaí a cheanglaítear faoi chur chun feidhme reachtaíocht de chuid an Aontais nó a rannchuidíonn leis i réimse na bhfíochán agus na gceall daonna, na fola, na n-orgán daonna, feistí leighis, úsáid na dtáirgí íocshláinte, agus chearta na n-othar i gcúram sláinte trasteorann, ag glacadh go hiomlán le hinniúlachtaí agus le roghanna eiticiúla na mBallstát sna réimsí sin. Féadfar gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chur chun feidhme, ar chur i bhfeidhm, ar fhaireachán agus ar athbhreithniú na reachtaíochta sin a éascú a chur san áireamh i ngníomhaíocht den sórt sin.

4.6. Córas faisnéise agus eolais a chothú faoin tsláinte chun rannchuidiú le cinnteoireacht a bheidh bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear úsáid na n-ionstraimí atá ann cheana agus, nuair is iomchuí, tuilleadh forbartha ar fhaisnéis agus ar uirlisí sláinte caighdeánaithe maidir le faireachán a dhéanamh ar chúrsaí sláinte, sonraí sláinte a bhailiú agus a anailísiú agus scaipeadh forleathan thorthaí an Chláir.

([1]) IO C 151, 3.7.2009, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN II*

**CRITÉIR LENA mBUNAÍTEAR CLÁIR OIBRE BHLIANTÚLA**

Bunófar na cláir oibre bhliantúla i gcomhréir leis na critéir seo a leanas i gcaitheamh ré an Chláir:

— ábharthacht na ngníomhaíochtaí a mholtar i dtaca leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 agus i dtaca leis na tosaíochtaí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus le haghaidh Straitéis Sláinte AE "Le chéile don tsláinte";

— breisluach don Aontas ó na gníomhaíochtaí a mholtar i gcomhréir leis na tosaíochtaí téamacha in Iarscríbhinn I;

— ábharthacht na ngníomhaíochtaí a mholtar ó thaobh sláinte an phobail, ó thaobh an dea-shláinte a chur i réim agus galair a chosc, saoránaigh an Aontais a chosaint ó bhagairtí sláinte agus feidhmíocht na gcóras sláinte a fheabhsú;

— ábharthacht na ngníomhaíochtaí a mholtar maidir le tacú le reachtaíocht sláinte an Aontais a chur chun feidhme;

— ábharthacht an chumhdaigh gheografaigh i dtaca leis na gníomhaíochtaí a mholtar;

— cothromaíocht leithdháileadh acmhainní buiséadacha idir cuspóirí éagsúla an Chláir, agus na buntáistí dóchúla á gcur san áireamh maidir leis an dea-shláinte a chur chun cinn;

— leordhóthanacht chumhdach na dtosaíochtaí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

# RIALACHÁN (AE) Uimh. 283/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 11 Márta 2014

## maidir le treoirlínte le haghaidh gréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1336/97/CE

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1])

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste na Réigiún ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Bonneagar idirlíonbhunaithe a bhíonn sna seirbhísí agus gréasáin teileachumarsáide níos minice anois ná riamh, agus bíonn dlúthbhaint ag líonraí leathanbhanda le seirbhísí digiteacha. Is é an t-idirlíon an t-ardán ceannasach anois níos mó ná riamh le haghaidh cumarsáide, seirbhísí, oideachais, rannpháirtíochta sa saol sóisialta agus polaitiúil, agus le haghaidh ábhar cultúrtha agus gnó. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach maidir leis an bhfás sóisialta agus eacnamaíoch, leis an iomaíochas, leis an gcuimsitheacht shóisialta agus leis an margadh inmheánach, go mbeadh rochtain ar idirlíon, forleathan, ardluais, slán agus seirbhísí digiteacha ar mhaithe le leas an phobail ar fáil go tras-Eorpach.

(2) An 17 Meitheamh 2010, thacaigh an Chomhairle Eorpach leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2010 maidir le Clár Oibre Digiteach don Eoraip, arb é is aidhm dó plean a ullmhú chun a oiread leasa agus is féidir a bhaint as poitéinseal eacnamaíoch agus sóisialta na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Féachann sé le spreagadh a thabhairt do sholáthar agus éileamh bonneagar ardluais idirlín atá iomaíoch agus seirbhísí digiteacha atá bunaithe ar an idirlíon, d'fhonn gluaiseacht i dtreo Fíormhargadh Digiteach Aonair, rud is riachtanach don fhás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach.

(3) Is le Rialachán (AE) Uimh. 131/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a chinntear na coinníollacha, na modhanna agus na nósanna imeachta le go dtabharfar cúnamh airgeadais de chuid an Aontais do ghréasáin thras-Eorpacha in earnálacha na mbonneagar iompair, teileachumarsáide agus fuinnimh. Ós rud é go bhfuil dúshláin chomhchosúla agus deiseanna comhchosúla sna hearnálacha a chuimsítear leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), tá deis shuntasach ann leas a bhaint as sineirgí, lena n-áirítear trí chistiúchán SCE a chomhcheangal le foinsí eile cistiúcháin.

(4) Is ann cheana féin do roinnt mhaith seirbhísí digiteacha trasteorann trína ndéantar malartuithe idir riaracháin phoiblí Eorpacha a chur i ngníomh mar thaca le beartais an Aontais. Agus réitigh nua á gcur ar fáil, tá sé tábhachtach leas a bhaint as réitigh atá ann cheana agus a cuireadh i ngníomh i gcomhthéacs tionscnamh eile Eorpach, dúbláil ar an obair a sheachaint agus comhordú agus ailíniú cineálacha cur chuige agus réiteach a áirithiú thar thionscnaimh agus beartais, amhail mar shampla clár ISA arna bhunú le Cinneadh Uimh. 922/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), clár Fiscalis arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus Fís 2020 arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]). Ar an gcuma chéanna, tá sé tábhachtach go gcomhlíonfaidh na réitigh na caighdeáin idirnáisiúnta agus/nó Eorpacha arna gcomhaontú nó na sonraíochtaí oscailte don idir-inoibritheacht, go háirithe iad siúd arna sainaithint ag an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na

([1]) Tuairim an 22 Feabhra 2012 (IO C 143, 22.5.2012, lch. 120) agus Tuairim an 16 Deireadh Fómhair 2013 (Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) IO C 225, 27.7.2012, lch. 211 agus IO C 356, 5.12.2013, lch. 116.

([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 11 Márta 2014.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

([5]) Cinneadh Uimh. 922/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le réitigh idir-inoibritheachta do riaracháin phoiblí Eorpacha (ISA) (IO L 260, 3.10.2009, lch. 20).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear clár gníomhaíochta chun feabhas a chur ar oibriú na gcóras cánachais san Aontas Eorpach don tréimhse 2014–2020 (Fiscalis 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1482/2007/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch 25).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch 104).

hEorpa agus ón gComhairle [1], agus sonraíochtaí agus treoshuímh ábhartha eile a comhaontaíodh, amhail an Creat Eorpach Idir-inoibritheachta do sheirbhísí poiblí Eorpacha (EIF).

(5) Bainfidh forbairt na líonraí leathanbhanda ardluais tairbhe as na caighdeáin theicniúla Eorpacha. Tá gá le cláir taighde agus forbartha de chuid an Aontais mar aon le níos mó faireacháin ar nósanna imeachta maidir le caighdeánú, más rud é go bhfuil ról lárnach le himirt ag an Aontas i dtionscal na teileachumarsáide.

(6) Trí bhíthin tionscadal píolótach mórscála idir na Ballstáit arna gcómhaoiniú ag an gClár um Iomaíochas agus Nuálaíocht [2], amhail PEPPOL, STORK, epSOS, eCODEX nó SPOCS, deimhníodh seirbhísí trasteorann bunriachtanacha sa mhargadh inmheánach, ar seirbhísí iad atá bunaithe ar chomhbhloic thógála agus atáthar á gcomhdhlúthú le tionscadal eSENS. Tá an leibhéal aibíochta is gá bainte amach ag na tionscadail phíolótacha sin cheana féin, nó ní fada go mbeidh, lena n-imlonnú. Tá an breisluach follasach a leanann gníomhaíocht ar an leibhéal Eorpach, amhail i réimsí na hoidhreachta cultúrtha (Europeana), na cosanta leanaí (Idirlíon Níos Sábháilte), na slándála sóisialta (EESSI) léirithe cheana féin ag tionscadail leasa choitinn atá ann cheana, agus moladh tionscadail eile amhail i réimse chosaint na dtomhaltóirí (ODR).

(7) Maidir le bonneagair na seirbhíse digití, ba cheart tús áite a bheith ag bloic thógála thar bhonneagair eile de chuid na seirbhíse digití, ós rud é nach féidir na bonneagair eile sin a sholáthar d'uireasa na mbloc tógála. Ba cheart go ndéanfadh bonneagair na seirbhíse digití, *inter alia*, breisluach Eorpach a chruthú agus fíor-riachtanais chomhlíonadh. Ba cheart iad a bheith aibí a ndóthain lena n-imlonnú, go teicniúil agus go hoibríochtúil, agus é sin a bheith léirithe go háirithe trí phíolótú rathúil. Ba cheart iad a bheith bunaithe ar phlean nithiúil inbhuanaitheachta d'fhonn oibriú meántéarmach go fadtéarmach na n-ardán croísheirbhíse a áirithiú lasmuigh de SCE. Dá bhrí sin, ba cheart cúnamh airgeadais a thugtar faoin Rialachán seo a chéimniú amach thar am, aon uair is féidir, agus cistiúchán ó fhoinsí eile seachas SCE a úsáid, i gcás inarb iomchuí.

(8) Tá sé tábhachtach go gcisteofar bonneagair na seirbhíse digití atá riachtanach chun oibleagáidí dlí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh agus/nó bonneagair na seirbhíse digití a fhorbraíonn nó a chuireann bloic thógála ar fáil, agus a bhféadfadh mórthionchar a bheith acu ar fhorbairt seirbhísí poiblí uile-Eorpacha, ionas go dtacófar le bonneagair iolracha na seirbhíse digití agus, thar am, éiceachóras idir-inoibritheachta Eorpach a thógáil de réir a chéile. Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn oibleagáidí dlí forálacha sonracha a cheanglaíonn forbairt nó úsáid bhonneagair na seirbhíse digití, nó a cheanglaíonn torthaí nach féidir a bhaint amach ach le bonneagair Eorpacha na seirbhíse digití.

(9) Mar bhonneagar na seirbhíse digití atá seanbhunaithe, ba cheart tús áite a thabhairt do Europeana agus don Idirlíon Níos Sábháilte do Leanaí ó thaobh cistiúcháin de. Ba cheart, go háirithe, an leanúnachas i gcistiúchán Aontais ó chláir eile de chuid an Aontais chuig SCE a áirithiú sna blianta tosaigh den chreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014-2020 arna leagan síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle [3], d'fhonn go bhféadfar seirbhís gan bhriseadh agus rathúil a sheachadadh ar an leibhéal céanna dá bhforáiltear faoin scéim cistiúcháin atá anois ann. An 10 Bealtaine 2012, leag an Chomhairle béim ar a thábhachtaí a bhí sé go n-áiritheofaí inmharthanacht fhadtéarmach Europeana, lena n-áirítear i dtéarmaí rialachais agus cistiúcháin [4].

(10) Ba cheart timpeallacht ar líne a áirithiú a bheidh slán, uilechuimsitheach agus dearfach do leanaí agus do dhaoine óga. Mar bheart fíorthábhachtach chun cearta leanaí a chosaint agus a chur chun cinn sa timpeallacht ar líne, ba cheart feidhmiú an Chláir um Idirlíon Níos Sábháilte a áirithiú tar éis 2014. Tríd an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart tacaíocht airgeadais a thabhairt do chur chun feidhme na Straitéise Eorpaí le haghaidh Idirlín Níos Fearr do Leanaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, go háirithe i ndáil le hIonaid d'Idirlíon Níos Sábháilte (IINSanna) sna Ballstáit. Is buneilimint agus réamhriachtanas iad gníomhaíochtaí de chuid IINSanna le go mbeidh rath ar an straitéis sin, lena n-áirítear nóid feasachta agus gníomhaíochtaí eile chun feasacht a mhúscailt, línte cabhracha do leanaí, tuismitheoirí agus cúramóirí maidir leis na modhanna is fearr inar féidir le leanaí an tIdirlíon a úsáid, mar aon le beolínte chun ábhar maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí ar an Idirlíon a thuairisciú.

(11) Tá gníomh reachtach todhchaíoch de chuid an Aontais maidir le sainaithint leictreonach agus seirbhísí iontaobhais le haghaidh idirbhearta leictreonacha sa mhargadh inmheánach chun na riachtanais mhionsonraithe agus na coinníollacha mionsonraithe i gcomhair aitheantas frithpháirteach na bpríomhéascaitheoirí, dá ngairtear anseo feasta na bloic thógála de chuid bhonneagair na seirbhíse digití, a chinneadh. Cuimseofar leis an ngníomh sin roinnt de na bloic thógála is tábhachtaí, mar shampla sainaithint leictreonach agus an síniú leictreonach mar chuid de na tionscadail leasa choitinn a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

[2] Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Creatchlár um Iomaíochas agus Nuálaíocht (2007 go 2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

[3] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

[4] IO C 169, 15.6.2012, lch. 5.

(12) Bonneagair na seirbhíse digití arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh 922/2009/CE, éascóidh siad idirghníomhú leictreonach trasteorann agus trasearnálach idir riaracháin phoiblí Eorpacha. Fágfaidh sé sin, ar a uain, go bhféadfar seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar, *inter alia*, i réimsí amhail sainaithint agus fíordheimhniú agus soláthar leictreonach, in idirnascadh trasteorann clár gnó, seirbhísí sláinte trasteorann leictreonacha idir-inoibritheacha, mar aon le comhar trasteorann i leith na cibearshlándála, rud a rannchuideoidh leis an Margadh Aonair Digiteach ar an dóigh sin. Déanfar idirghníomhú den sórt sin idir riaracháin a bhaint amach trí ardáin chroísheirbhíse idir-inoibritheacha a chruthú agus/nó a fheabhsú, agus iad tógtha ar na comhbhloic thógala atá ann cheana agus/nó trí bhloic thógála bhreise a sholáthar, ar bloic iad atá riachtanach chun ardáin chroísheirbhíse eile a fhorbairt, agus trí sheirbhísí cineálacha gaolmhara a nascann bonneagair náisiúnta le hardáin croísheirbhíse chun seirbhísí digiteacha trasteorann a sholáthar.

(13) Ba cheart do na Ballstáit údaráis áitiúla agus réigiúnacha a spreagadh le bheith páirteach ar dhóigh iomlán agus éifeachtach i rialachas bhonneagair na seirbhíse digití, agus a áirithiú go gcuirfear moltaí de chuid EIF san áireamh i dtionscadail leasa choitinn a bhaineann le ríomhsheirbhísí an Rialtais thar theorainneacha a sheachadadh.

(14) Ina Rún an 6 Iúil 2011 maidir le Leathanbhanda Eorpach: infheistíocht san fhás digiteach [1], chuir Parlaimint na hEorpa i dtábhacht go bhfuil seirbhísí leathanbhanda fíor-riachtanach maidir le hiomaíochas thionscal an Aontais agus go gcuireann na seirbhísí sin go mór leis an bhfás eacnamaíoch, leis an gcomhtháthú sóisialta agus le cruthú fostaíochta ar ardchaighdeán san Aontas. Más áil leis an Aontas a bheith ina cheann feadhna maidir le nuálaíocht, eolas agus seirbhísí, tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht úrscothach a bheidh slán i bhfad na haimsire.

(15) Bheadh margadh Eorpach agus breis is 500 milliún duine a tá cónasctha acu le leathanbhanda ardluais i dtús cadhnaíochta le haghaidh an margadh inmheánach a fhorbairt, lena gcruthófaí uathmhais chriticiúil dhomhanda d'úsáideoirí, lena nochtfaí deiseanna nua do gach réigiún agus luach breise á thabhairt do gach úsáideoir, agus an tAontas á chumasú freisin lena bheith ina gheilleagar ceannródaíoch ar an leibhéal domhanda agus eolasbhunaithe. Tá sé ríthábhachtach líonraí leathanbhanda ardluais a imlonnú go gasta chun táirgiúlacht an Aontais a fhorbairt agus chun go dtiocfadh fiontair nua agus bheaga chun cinn, ar fiontair iad a fhéadfaidh a bheith ina gceannródaithe in earnálacha éagsúla, amhail cúram sláinte, monaraíocht agus na tionscadail seirbhíse.

(16) Leis na deiseanna nua sa bhonneagar a chomhcheangal le seirbhísí nua, nuálacha agus idir-inoibritheacha, ba cheart go gcuirfí 'fáinne óir' ag gluaiseacht trí éileamh méadaitheach ar leathanbhanda ardluais a spreagadh, éileamh ar mhaith an mhaise é freagairt a thabhairt ina leith ó thaobh tráchtála de.

(17) Leagtar amach sa Chlár Oibre Digiteach don Eoraip gur cheart, faoi 2020, go mbeadh rochtain ag gach Eorpach ar luasanna idirlín os cionn 30 Mbps agus gur cheart, faoi 2020, go suibscríobhfadh 50 % nó níos mó de na teaghlaigh Eorpacha le naisc idirlín os cionn luas 100 Mbps.

(18) I bhfianaise na forbartha gasta atá á déanamh ar sheirbhísí digiteacha agus ar fheidhmchláir a éilíonn naisc idirlín níos tapúla ná riamh agus na forbartha gasta ar theicneolaíochtaí úrscothacha chun é sin a thabhairt i gcrích, is iomchuí faoi chuimsiú meastóireachta ar an gClár Oibre Digiteach don Eoraip féachaint ar spriocanna leathanbhanda le haghaidh 2020 a athbhreithniú chun a áirithiú go mbeidh luasanna iomaíocha leathanbhanda ag an Aontas nuair a chuirfear iad i gcomparáid leis na geilleagair eile ar domhan.

(19) Ba cheart, i gcuid de na tionscadail leathanbhanda, uaillmhianta níos mó a léiriú, a dhíreodh ar luasanna níos airde agus a bheadh, ar an gcaoi sin, mar thionscadail phíolótacha le haghaidh idirnascthachta níos tapúla agus mar shamhlacha a fhéadfaí a mhacasamhlú.

(20) Ina rún an 12 Meán Fómhair 2013 maidir leis an gClár Oibre Digiteach don Fhás, don tSoghluaiseacht agus don Fhostaíocht, am giar a ardú, d'áitigh Parlaimint na hEorpa go bhfuil sprioc réamhbhreathnaitheach athbhreithnithe an Chláir Oibre Dhigitigh don Eoraip don bhliain 2020 chun gach teaghlach de chuid an Aontais a nascadh le naisc leathanbhanda a dhéanfaidh 100 Mbps sa soicind a sheachadadh, le 50 % de theaghlaigh suibscríofa le 1 Gbps nó níos mó.

(21) Ba cheart an príomhról a bheith ag an earnáil phríobháideach in imlonnú agus i nuachóiriú líonraí leathanbhanda, agus creat rialála iomaíoch atá fabhrach don infheistíocht a bheith ag tacú leis sin. I gcás easpa infheistíocht phríobháideach a bheith ann, ba cheart do na Ballstáit an méid is gá a dhéanamh chun spriocanna an Chláir Oibre Dhigitigh don Eoraip a bhaint amach. Maidir le cúnamh airgeadais poiblí a thabhairt ar son an leathanbhanda, ba cheart é a theorannú do chláir nó tionscnaimh atá dírithe ar thionscadail nach féidir leis an earnáil phríobháideach féin iad a mhaoiniú go hiomlán, rud a dhearbhaítear le measúnú *ex-ante* ina léirítear teipeanna nó cásanna infheistíochta fo-optamaí sa mhargadh, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2]

[1] IO C 33 E an 5.2.2013, lch 89.

[2] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

(22) Níl ionstraimí airgeadais do líonraí leathanbhanda chun saobhadh míchuí a dhéanamh ar an iomaíocht, chun infheistíochtaí príobháideacha a phlódú nó chun dídhreasachtaí a chruthú d'oibritheoirí príobháideacha infheistíocht a dhéanamh. Go háirithe, tá siad le hAirteagal 101, Airteagal 102, Airteagal 106 agus Airteagal 107 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chomhlíonadh mar aon le Treorlínte an AE maidir le cur i bhfeidhm na rialacha Státchabhrach i dtaca le himlonnú ghasta líonraí leathanbhanda, más ábhartha.

(23) Tá cistiúchán poiblí do líonraí leathanbhanda le caitheamh ar bhonneagair a chomhlíonann an dlí is infheidhme agus air sin amháin, go háirithe dlí na hiomaíochta, agus le hoibleagáidí rochtana i gcomhréir le Treoir 202/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(24) Ós rud é go bhfuil na hacmhainní airgeadais atá ar fáil faoi SCE teoranta, ba cheart cúnamh airgeadais a bheith dírithe ar bhunú sásraí maoiniúcháin ar leibhéal an Aontais chun infheistíochtaí breise a mhealladh, chun éifeacht iolraitheora a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin úsáid éifeachtach cistí príobháideacha agus cistí poiblí eile le haghaidh infheistíochta a éascú. Fágann an cur chuige seo gur féidir le lucht gnó agus institiúidí ranníocaíochtaí a dhéanamh atá i bhfad níos mó ná an leibhéal cistiúcháin atá incháilithe go díreach trí SCE.

(25) I bhfianaise na n-acmhainní airgeadais teoranta faoi SCE agus d'fhonn cistiúchán iomchuí a áirithiú do bhonneagair na seirbhíse digití, níor cheart go rachadh an leithdháileadh buiséadach iomlán don leathanbhanda thar an íosmhéid is gá chun idirghabháil cost-éifeachtúil a bhunú, ar méid é ba cheart a chinneadh trí mheasúnú *ex-ante* a chuirfeadh san áireamh, *inter alia*, an cineál ionstraimí airgeadais beartaithe, an éifeacht luamhánaithe ionchasach ar an bpunann tionscadal éifeachtúil íosta agus na coinníollacha margaidh.

(26) Ba cheart an tacaíocht a thugtar faoi SCE ar mhaithe le himlonnú an leathanbhanda a bheith ina chomhlánú ar chúnamh a thugtar faoi thionscadail agus tionscnaimh eile de chuid an Aontais, Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE) san áireamh, i gcásanna ina léiríonn measúnú *ex-ante* gurb ann do theipeanna margaidh nó do chásanna infheistíochta fo-optamaí agus inar chinn údaráis bhainistíochta amhlaidh. Cúnamh airgeadais a thugtar faoi SCE ar mhaithe le himlonnú leathanbhanda, ba cheart go gcuideodh sí le cuid iarrachtaí na mBallstát go díreach agus trí ranníocaíochtaí deonacha, imfhálaithe ó fhoinsí eile a mhealladh, Cistí SIE san áireamh, agus ar an dóigh sin ligean do na Ballstáit leas a bhaint as saineolas agus éifeachtaí scála na saoráidí a bhainistíonn an tAontas d'fhonn éifeachtúlacht caiteachais phoiblí a mhéadú.

(27) D'fhonn an luach is fearr ar airgead a áirithiú agus ag féachaint do na hacmhainní teoranta, ba cheart go mbeadh cistiúchán SCE ar fáil do thionscadail a bhraitheann ar an teicneolaíocht is oiriúnaí don tionscadal ar leith, a chuideoidh chun samhlacha gnó nuálacha a spreagadh agus a thaispeánfaidh ardacmhainn mhacasamhlaithe. I gcás go ndéanfar tionscadail a chistiú trí ranníocaíochtaí deonacha faoi SCE, amhail Cistí SIE nó trí chistiúchán náisiúnta nó réigiúnach, ba cheart go mbeadh critéir incháilitheachta níos solúbtha agus go gcuirfeadh siad san áireamh cásanna agus coinníollacha sonracha sna réimsí atá cistiúchán den sórt sin beartaithe lena n-aghaidh.

(28) Féadfaidh an tAontas tacú le himlonnú líonraí leathanbhanda a chuidíonn spriocanna an Chláir Oibre Dhigitigh don Eoraip a bhaint amach i ngach sórt limistéir. Is cuspóirí tábhachtacha don Chlár Oibre Digiteach don Eoraip iad an bearna digiteach a laghdú agus an cuimsiú digiteach a mhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart go ndíreoidh gníomhaíochtaí uile an Aontais ar shainriachtanais réigiún bruachbhailteach, réigiún tuaithe, réigiún faoi líon beag daoine agus réigiún tearcfhorbartha go háirithe, ar réigiúin iad nach mór freastal orthu le hidirnaisc. Áirítear sa mhéid sin imlonnú líonraí leathanbhanda chun oileáin, réigiúin thalamhiata, réigiúin shléibhtiúla, réigiúin iargúlta agus imeallacha, agus Ballstáit ar oileáin iad, a nascadh le réigiúin láir an Aontais agus/nó gníomhaíochtaí atá ceaptha feabhas a chur ar iontaofacht nó feidhmiú nasc idir na réigiúin sin agus réigiúin láir an Aontais.

(29) D'fhonn an Margadh Aonair Digiteach a chomhlánú, ba cheart comhoiriúnacht idir SCE agus gníomhaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha leathanbhanda a spreagadh.

(30) Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ba cheart go ndéanfaí foirmeacha an chúnaimh airgeadais a ailíniú le saintréithe na ngníomhaíochtaí i gceist. Dá bhrí sin, i réimse bhonneagair na seirbhíse digití, ba cheart tús áite ó thaobh cistiúcháin de a thabhairt d'ardáin chroísheirbhíse nach féidir a chistiú le foinsí eile i bhfoirm soláthair, nó, ar bhonn eisceachtúil, i bhfoirm deontas, ach níor cheart ach cúnamh srianta airgeadais ó SCE a thabhairt do sheirbhísí cineálacha. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag cúnamh airgeadais ó SCE cistí an Aontais a úsáid go héifeachtúil agus, dá bhrí sin, ba cheart ionstraimí airgeadais a úsáid chun tacú le líonraí leathanbhanda, arae is airde an éifeacht luamhánaithe atá acu ná atá ag deontais.

(31) Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag idirghabháil a dhéanfar faoin Rialachán seo sineirgí agus idir-inoibritheacht a bhaint amach idir na tionscadail leasa choitinn éagsúla a bhfuil tuairisc orthu san Iarscríbhinn, mar aon le sineirgí agus idir-inoibritheacht le bonneagair eile, lena n-áirítear bonneagair iompair agus fuinnimh a dtacaíonn SCE leo, bonneagair ábhartha thaighde a fhaigheann tacaíocht, *inter alia*, ó Fhís 2020 agus bonneagair ábhartha a dtacaíonn Cistí SIE leo, agus san am céanna dúbláil ar an obair agus ualaí míchuí riaracháin a sheachaint.

([1]) Treoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le rochtain ar líonraí cumarsáide leictreonaí agus ar shaoráidí gaolmhara, agus maidir le hidirnascadh a bheith eatarthu (Treoir na Rochtana) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 7).

(32) Ba cheart gníomhaíochtaí cothrománacha a bheith ina gcomhlánú ar an gcúnamh airgeadais a thugtar do thionscadail leasa choitinn, lena n-áirítear cúnamh teicniúil, comhordú agus bearta um spreagadh éilimh, gníomhaíochtaí ar cheart a bheith d'aidhm acu an tionchar atá ag idirghabháil an Aontais a uasmhéadú.

(33) Agus cistí á ngealladh chun idirghabháil a dhéanamh i líonraí leathanbhanda, ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar thorthaí na meastóireachtaí ar ionstraimí de chuid an Aontais atá ann cheana.

(34) Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún Grúpa Saineolaithe a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na mBallstát go léir agus ba cheart dul i gcomhairle leis an ngrúpa sin agus go rannchuideodh sé, *inter alia*, le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, le pleanáil a dhéanamh, le meastóireacht a dhéanamh agus le déileáil le fadhbanna cur chun feidhme.

(35) Ba cheart don Ghrúpa Saineolaithe comhoibriú leis na heintitis sin a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an Rialacháin seo, amhail údaráis áitiúila agus réigiúnacha, soláthraithe rochtana ar an idirlíon, riarthóirí líonraí poiblí agus monaróirí comhpháirteanna mar aon le húdaráis rialála náisiúnta agus Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])..

(36) Le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, bunaítear Coiste Comhordúcháin SCE, atá ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) freisin. Le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, bronntar freisin na cumhachtaí ar an gCoimisiún cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin, lena n-áirítear in earnáil na teileachumarsáide, agus an earnáil sin faoi réir an Rialacháin seo. Tá sé tábhachtach soiléiriú i dtaca leis seo go ndéanfaidh saineolaithe in earnáil an bhonneagair teileachumarsáide ionadaíocht ar son na mBallstát, agus saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo á bplé, go háirithe dréachtchláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla, ar Choiste Comhordúcháin SCE.

(37) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe na gréasáin thras-Eorpacha i réimse an bhonneagair teileachumarsáide a fhorbairt ar bhealach comhordaithe, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr chineál trasteorann na mbonneagar dá dtugtar tacaíocht, agus éifeachtaí ar chríoch iomlán an Aontais, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(38) Chun tacú le tionscadail leasa choitinn in earnálacha bhonneagair an iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh, déantar le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 na coinníollacha, na modhanna agus na nósanna imeachta a shocrú chun cúnamh airgeadais de chuid an Aontais a chur ar fáil do ghréasáin thras-Eorpacha. Bunaítear leis freisin miondealú na n-acmhainní atá le bheith ar fáil faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 i ngach ceann de na trí earnáil. Tá Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 infheidhme ón 1 Eanáir 2014. Is iomchuí, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ailíniú le cur i bhfeidhm Rialachán(AE) Uimh. 1316/2013 agus le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2014.

(39) Ba cheart Cinneadh Uimh. 1336/97/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos treoirlínte maidir le himlonnú tráthúil agus idir-inoibritheacht tionscadal leasa choitinn i réimse na ngréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide.

2. Go háirithe, foráiltear leis an Rialachán seo maidir leis an méid seo:

(a) cuspóirí agus tosaíochtaí oibríochtúla tionscadal leasa choitinn,

(b) tionscadail leasa choitinn a shainaithint;

(c) na critéir ar dá réir a bheidh gníomhaíochtaí a chuirfidh le tionscadail leasa choitinn incháilithe do chúnamh airgeadais de chuid an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ina bhforbairt, a gcur chun feidhme, a n-imlonnú, a n-idirnascadh agus a n-idir-inoibritheacht;

(d) tosaíochtaí le haghaidh cistiúcháin do thionscadail leasa choitinn.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus an Oifig (IO L 337, 18.12.2009, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

([3]) Cinneadh Uimh. 1336/97/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1997 maidir le sraith treoirlínte do ghréasáin teileachumarsáide thras-Eorpacha (IO L 183, 11.7.1997, lch. 12).

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán(AE) Uimh. 1316/2013.

2. Chun críocha an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin:

(a) ciallaíonn "bonneagar teileachumarsáide" líonraí leathanbhanda agus bonneagair na seirbhíse digití;

(b) ciallaíonn "bonneagair na seirbhíse digití" bonneagair lenar féidir seirbhísí líonraithe a sheachadadh go leictreonach, tríd an idirlíon de ghnáth, lena soláthraítear seirbhísí idir-inoibritheacha tras-Eorpacha leasa choitinn do shaoránaigh, gnólachtaí agus/nóúdaráis phoiblí, agus atá comhdhéanta d'ardáin chroísheirbhíse agus de sheirbhísí cineálacha;

(c) ciallaíonn "bloic thógála" bonneagair bhunúsacha na seirbhíse digití, gur príomh-áisitheoirí iad as a mbainfear úsáid arís i mbonneagair na seirbhíse digití níos casta;

(d) ciallaíonn "ardáin chroísheirbhíse" moil lárnacha bhonneagair na seirbhíse digití arb é is aidhm leo idirnascthacht thras-Eorpach, rochtain agus idir-inoibritheacht a áirithiú agus ar ardáin chroísheirbhíse iad atá ar oscailt do na Ballstáit agus a fhéadfaidh bheith ar oscailt d'eintitis eile freisin;

(e) ciallaíonn "seirbhísí cineálacha" seirbhísí tairseacha a nascann bonneagar náisiúnta amháin nó níos mó le hardán croísheirbhíse nó le hardáin chroísheirbhíse.

(f) ciallaíonn "líonraí leathanbhanda" líonraí rochtana sreangaithe agus gan sreang, bonneagar coimhdeach agus croíghréasáin atá in ann nascacht thar a bheith tapa a sheachadadh;

(g) ciallaíonn "gníomhaíochtaí cothrománacha" staidéir agus gníomhaíochtaí tacaíochta cláir mar a shainítear i bpointe (6) agus i bpointe (7) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, faoi seach.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí**

1. Rannchuideoidh na tionscadail leasa choitinn leis na cuspóirí ginearálta a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 a bhaint amach.

2. Anuas ar na cuspóirí ginearálta, déanfaidh na tionscadail leasa choitinn ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sonracha seo a leanas a shaothrú:

(a) borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch agus tacaíocht a thabhairt an margadh inmheánach a chur i gcrích agus a fheidhmiú ar mhaithe le hiomaíochas gheilleagar na hEorpa, lena n-áirítear iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide (FBManna).

(b) feabhas a chur ar shaol laethúil na saoránach, na ngnólachtaí agus na n-údarás poiblí ar gach leibhéal trí líonraí leathanbhanda a chur chun cinn, mar aon le hidirnascthacht agus le hidir-inoibritheacht na líonraí leathanbhanda náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus trí rochtain neamh-idirdhealaitheach ar líonraí den sórt sin agus an cuimsiú digiteach a chur chun cinn.

3. Trí bhíthin na dtosaíochtaí oibríochtúla seo a leanas cuideofar na spriocanna dá dtagraítear i mír (1) agus i mír (2) a bhaint amach:

(a) idir-inoibritheacht, idirnascthacht, imlonnú inbhuanaithe, oibriú agus uasghrádú bhonneagair thras-Eorpacha na seirbhíse digití, mar aon le comhordú ar an leibhéal Eorpach;

(b) sreabhadh éifeachtúil infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí chun imlonnú agus nuachóiriú líonraí leathanbhanda a spreagadh d'fhonn rannchuidiú leis na spriocanna maidir le leathanbhanda atá sa Chlár Oibre Digiteach don Eoraip a bhaint amach.

*Airteagal 4*

**Tionscadail leasa choitinn**

1. Le tionscadail leasa choitinn déanfar an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) féachfar le hardáin chroísheirbhíse a chruthú agus/nó a fheabhsú, a bheadh idir-inoibritheach agus, aon uair is féidir, comhoiriúnach go hidirnáisiúnta, maille le seirbhísí cineálacha le haghaidh bhonneagair na seirbhísí digití;

(b) dóigheanna éifeachtúla a chur ar fáil le hinfheistíocht a dhéanamh sna líonraí leathanbhanda, catagóirí nua infheisteoirí agus tionscnóirí tionscadal a mhealladh, agus inmhacashamhailteacht tionscnamh agus samhlacha gnó a spreagadh.

2. Féadfaidh tionscadail leasa choitinn a dtimthriall iomlán a chuimsiú, lena n-áirítear staidéir féidearthachta, cur chun feidhme, feidhmiú agus uasghrádú leanúnach, comhordú agus meastóireacht.

3. Féadfar gníomhaíochtaí cothrománacha a úsáid chun tacú le tionscadail leasa choitinn.

4. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar thionscadail leasa choitinn, agus ar gníomhaíochtaí a rannchuidíonn leo, san Iarscríbhinn.

*Airteagal 5*

**Modhanna idirghabhála**

1. I réimse bhonneagair na seirbhíse digití, is é an tAontas go príomha a chuirfidh chun feidhme ardáin chroísheirbhíse, ach is iad na páirtithe a bheidh á nascadh leis an ardán croísheirbhíse ábhartha a chuirfidh seirbhísí cineálacha chun feidhme. Is í an earnáil phríobháideach is mó a dhéanfaidh infheistíocht i líonraí leathanbhanda, agus tabharfar tacaíocht di trí chreat rialála iomaíoch atá fabhrach don infheistíocht. Ní thabharfar tacaíocht phoiblí le haghaidh líonraí leathanbhanda ach i gcás teipeanna margaidh nó infheistíocht fho-optamach a bheith ann.

2. Déanfar na Ballstáit agus eintitis eile atá i gceannas ar chur chun feidhme tionscadal leasa choitinn nó a rannchuidíonn lena gcur chun feidhme a spreagadh chun na bearta is gá a dhéanamh chun cur chun feidhme tionscadal leasa choitinn a

éascú. Déanfar an cinneadh críochnaitheach maidir le cur chun feidhme tionscadal leasa choitinn a bhaineann le críoch Ballstáit tar éis cheadú an Bhallstáit sin.

3. Gníomhaíochtaí a chuireann le tionscadail leasa choitinn, ar gníomhaíochtaí iad a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán seo, beidh siad incháilithe do chúnamh airgeadais de chuid an Aontais faoi na coinníollacha agus faoi na hionstraimí atá ar fáil faoi Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013. Soláthrófar cúnamh airgeadais i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha arna nglacadh ag an Aontas, de réir na dtosaíochtaí cistithe a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán seo, agus infhaighteacht acmhainní, agus riachtanais sonracha tairbhithe á gcur san áireamh.

4. Tacófar le gníomhaíochtaí a chuireann le tionscadail leasa choitinn i réimse bhonneagair na seirbhíse digití leis an méid seo a leanas:

(a) soláthar; agus/nó

(b) deontais.

5. Tacófar le gníomhaíochtaí a chuireann le tionscadail leasa choitinn i réimse na líonraí leathanbhanda leis an méid seo a leanas:

(a) ionstraimí airgeadais de réir an tsainmhínithe i Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, ar féidir ranníocaíochtaí a chur leo ó earnálacha eile de chuid SCE, ionstraimí, cláir agus línte buiséid eile i mbuiséad an Aontais, na Ballstáit, lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus aon infheisteoirí eile, lena n-áirítear infheisteoirí príobháideacha i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013; agus/nó

(b) ionstraimí airgeadais agus deontais ó fhoinsí poiblí seachas SCE, bídís ina bhfoinsí poiblí de chuid an Aontais nó ina bhfoinsí náisiúnta, a chomhcheangal.

6. Tacófar le gníomhaíochtaí cothrománacha leis an méid seo a leanas:

(a) soláthar agus/nó

(b) deontais.

7. Ní bheidh méid iomlán an bhuiséid a leithdháiltear ar ionstraimí airgeadais le haghaidh líonraí leathanbhanda níos mó ná an t-íosmhéid is gá chun idirghabhálacha cost-éifeachtúla a bhunú a chinnfear ar bhonn measúnuithe *ex-ante* mar a thagraítear dóibh in Airteagal 14(1)de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.

Beidh an méid sin ionann is 15 % den imchlúdach airgeadais d'earnáil na teileachumarsáide dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.

8. Féachfaidh an tríú cuid ar a laghad de na tionscadail leathanbhanda a fhaigheann cúnamh airgeadais faoin Rialachán seo le luasanna leathanbhanda os cionn 100 Mbps a chur ar fáil.

9 Mar thoradh ar an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 8(3), féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an méid a cinneadh i gcomhréir le mír 3d den Airteagal seo agus cionmhaireacht na dtionscadal dá dtagraítear i mír 3e den Airteagal seo a athbhreithniú, ar thogra ón gCoimisiún,.

10. I gcás ina gcomhlánaíonn tacaíocht ó SCE tacaíocht ó Chistí SIE agus tacaíocht phoiblí dhíreach eile, féadfar sineirgí idir gníomhaíochtaí de chuid SCE agus tacaíocht ó chistí SIE a neartú trí shásra comhordaithe cuí a úsáid.

*Airteagal 6*

**Critéir incháilitheachta agus tosaíochtaí maidir le cistiúchán**

1. Gníomhaíochtaí a chuireann le tionscadail leasa choitinn i réimse bhonneagair na seirbhíse digití, ní mór dóibh na coinníollacha uile seo a leanas go léir a chomhlíonadh le bheith incháilithe do chistiúchán:

(a) bheith aibí a ndóthain lena n-imlonnú, agus é sin a bheith cruthaithe le píolótú rathúil go háirithe, faoi chláir amhail cláir de chuid an Aontais a bhaineann le nuálaíocht agus taighde;

(b) cur le beartais agus le gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a thacaíonn leis an margadh inmheánach;

(c) breisluach Eorpach a chruthú agus straitéis a leagan amach agus pleanáil le haghaidh inbhuanaitheachta fadtéarmaí, nuair is ábhartha, trí fhoinsí cistiúcháin seachas SCE; agus beidh a cáilíocht siúd le léiriú le measúnú féidearthachta agus costais is tairbhe. Déanfar an straitéis sin a nuashonrú nuair is iomchuí;

(d) caighdeáin idirnáisiúnta agus/nó Eorpacha a chomhlíonadh, nó sonraíochtaí agus treoshuímh oscailte le haghaidh idir-inoibritheachta a chomhlíonadh, amhail an Creat Eorpach Idir-inoibritheachta agus leas a bhaint as réitigh atá ann cheana.

2. Roghnófar gníomhaíochtaí a chuireann le tionscadail leasa choitinn ó thaobh bonneagar na seirbhíse digití a bheidh le cistiú faoi SCE, agus socrófar leibhéal an chistithe sin, mar chuid de chlár oibre bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.

3. Bloic thógála atá riachtanach maidir le bonneagair eile de chuid na seirbhíse digití mar a liostaítear i Roinn 1.1 den Iarscríbhinn a fhorbairt, a imlonnú agus a oibriú, agus ar féidir a léiriú gur dealraitheach go n-úsáidfear iad chuige sin, tabharfar barrthosaíocht dóibh ó thaobh cistiúcháin.

4. Tabharfar an dara tosaíocht do bhonneagair eile na seirbhíse digití atá mar thaca le dlí an Aontais, le beartais an Aontais agus le cláir an Aontais, mar a liostaítear i Roinn 1.2(a) agus i Roinn 1.2(b) den Iarscríbhinn iad agus, más féidir, beidh siad bunaithe ar na bloic thógála atá ann cheana.

5 Beidh tús áite ag an tacaíocht a thabharfar do na hardáin chroísheirbhíse ar sheirbhísí cineálacha.

6. Ar bhonn na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo, féadfar critéir bhreise incháilitheachta agus tosaíochta i réimse bhonneagair na seirbhíse digití a shocrú leis an gcur síos ar na tionscadail leasa choitinn agus an buiséad atá ar fáil á chur san áireamh, agus leis na cláir oibre bliantúla agus ilbhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.

7. Comhlíonfaidh ghníomhaíochtaí a chuireann le tionscadail leasa choitinn i réimse na líonraí leathanbhanda na critéir uile seo a leanas le bheith incháilithe do chistiúchán:

(a) rannchuideoidh siad go suntasach le cuspóirí an Chláir Oibre Dhigitigh don Eoraip a bhaint amach;

(b) beidh siad aibí a ndóthain a fhad a bhaineann le forbairt tionscadail agus céimeanna ullmhúcháin, agus sásraí cur chun feidhme éifeachtacha a bheith ag tacú leo;

(c) tabharfaidh siad aghaidh ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamaí;

(d) ní bheidh saobhadh ar an margadh nó ní dhéanfar infheistíocht phríobháideach a phlódú mar gheall orthu;

(e) bainfidh siad leas as teicneolaíocht a mheastar a bheith ar an teicneolaíocht is oiriúnaí le dul i ngleic le riachtanais an limistéir gheografaigh atá i gceist, agus tosca geografacha, sóisialta agus eacnamaíocha á gcur san áireamh bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus de réir na neodrachta teicneolaíche;

(f) an teicneolaíocht is fearr a oirfeadh do thionscadal sonrach a imlonnú, agus an chothromaíocht is fearr idir teicneolaíochtaí úrscothacha ó thaobh acmhainn sreafa sonraí, slándáil tarchuir, athléimneacht líonraí agus éifeachtúlacht ó thaobh costas de á moladh acu;

(g) ardacmhainn in-mhacasamhlaitheachta a bheith iontu agus/nó a bheith bunaithe ar shamhlacha gnó nuálacha.

8. Ní bheidh na critéir dá dtagraítear i bpointe (f) de mhír 5 den Airteagal seo ina gceanglas i gcás tionscadal arna gcistiú ó ranníocaíochtaí imfhálaithe breise a chuirtear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.

9. Comhlíonfaidh gníomhaíochtaí cothrománacha ceachtar de na critéir seo a leanas le bheith incháilithe do chistiúchán.

(a) ullmhóidh siad gníomhaíochtaí cur chun feidhme nó tacóidh siad leo ó thaobh iad a imlonnú, a rialú agus ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn maidir lena gcur chun feidhme;

(b) cruthóidh siad éileamh nua ar bhonneagair na seirbhíse digití.

*Airteagal 7*

**Comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

1. Féadfaidh an tAontas teagmhálacha a bhunú, faisnéis a phlé agus a mhalartú, agus oibriú i gcomhar le húdaráis phoiblí nó le haon eagraíochtaí eile i dtríú tíortha chun aon chuspóir atá á shaothrú leis an Rialachán seo a bhaint amach. I dteannta cuspóirí eile, déanfar iarracht leis an gcomhar seo an idir-inoibritheacht idir líonraí i réimse an bhonneagair teileachumarsáide san Aontas agus líonraí comhchosúla i dtríú tíortha a chur chun cinn.

2. Féadfaidh tíortha i gComhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), a bheith rannpháirteach san earnáil de SCE a chumhdaíonn bonneagar teileachumarsáide i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gComhaontú LEE.

3. De mhaolú ar Airteagal 8(3) agus ar Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, féadfaidh Stáit aontacha agus tíortha is iarrthóirí a bhfuil tairbhe á bhaint acu as straitéis réamhaontachais páirt a ghlacadh in earnáil SCE a chumhdaíonn bonneagar teileachumarsáide i gcomhréir le comhaontuithe a shínítear leis an Aontas.

4. Chun críocha rannpháirtíocht thíortha CSTE, measfar gur clár ar leithligh é earnáil SCE a chumhdaíonn bonneagar teileachumarsáide.

*Airteagal 8*

**Malartú faisnéise, faireachán agus tuairisciú**

1. Ar bhonn na faisnéise a fuarthas faoin tríú fomhír d'Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, malartóidh Ballstáit agus an Coimisiún faisnéis agus dea-chleachtas faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Rialacháin seo. I gcás inarb iomchuí, beidh údaráis áitiúla agus réigiúnacha de chuid na mBallstát rannpháirteach sa phróiseas. Foilseoidh an Coimisiún forbhreathnú bliantúil den fhaisnéis sin agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle é.

2. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe, comhdhéanta d'ionadaí ó gach Ballstát, agus cuideoidh an Grúpa Saineolaithe leis an gCoimisiún. Go háirithe, cuideoidh an Grúpa Saineolaithe leis an gCoimisiún i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) faireachán a dhéanamh an Rialachán sin agus é a chur chun feidhme;

(b) pleananna náisiúnta nó straitéisí náisiúnta a chur san áireamh, más infheidhme;

(c) bearta a dhéanamh chun meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár oibre ar an leibhéal airgeadais agus teicniúil;

(d) aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn maidir le tionscadail a chur chun feidhme.

(e) treoshuímh straitéiseacha a shainiú sula ndréachtófar na cláir oibre bliantúla agus ilbhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, agus aird ar leith á tabhairt do ghníomhaíochtaí a chuidíonn le tionscadail leasa choitinn a roghnú agus a aistarraingt agus do bhriseadh síos an bhuiséid a chinneadh, mar aon leis an athbhreithniú ar na cláir oibre sin.

3. Féadfaidh an Grúpa Saineolaithe breithniú a dhéanamh freisin ar aon saincheist eile a bhaineann le forbairt na ngréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide.

4. Cuirfidh an Coimisiún an Grúpa Saineolaithe ar an eolas maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar i ndáil leis na cláir oibre bliantúla agus ilbhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 a chur chun feidhme.

5. Beidh an Grúpa Saineolaithe ag obair i gcomhar le heintitis atá páirteach i bpleanáil, i bhforbairt agus i mbainistiú líonraí agus seirbhísí digiteacha mar aon le geallsealbhóirí ábhartha eile.

Déanfaidh an Coimisiún agus na heintitis eile atá i bhfeighil ar an Rialachán seo a chur chun feidhme, amhail an Banc Eorpach Infheistíochta, aird ar leith a thabhairt ar bharúlacha an Ghrúpa Saineolaithe.

6. I gcomhar leis an meastóireacht lárthéarma agus leis an meastóireacht *ex-post* ar Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 faoi mar a thagraítear in Airteagal 27 den Rialachán sin agus le cúnamh ón nGrúpa Saineolaithe, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Cuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

7. Beidh meastóireacht sa tuarascáil ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le tionscadail leasa choitinn a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, moilleanna ar chur chun feidhme agus deacrachtaí a thagann chun cinn mar aon le faisnéis faoi ghealltanais agus faoi íocaíochtaí.

8. Sa tuarascáil, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin á rá an áirítear fós faoi raon feidhme na dtionscadal leasa choitinn forbairtí agus nuálachtaí teicneolaíocha le cois forbairtí rialála nó forbairtí margaidh agus eacnamaíocha agus ar cheart, i bhfianaise forbairtí den sórt sin agus an ghá le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach, deireadh a chur, i leaba a chéile, le cistiú aon tionscadail leasa choitinn lena dtacaítear, nó foinsí eile a aimsiú lena aghaidh. I gcás tionscadal ar dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha acu ar an gcomhshaol, beidh anailís ar an tionchar ar an gcomhshaol sna tuarascálacha seo, agus, más cuí, riachtanais maidir le maolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, agus athléimneacht ó thubaistí á gcur san áireamh. Féadfar meastóireacht mar sin a dhéanamh tráth ar bith eile freisin de réir mar a mheastar é a bheith oiriúnach.

9. Déanfar a mhéid a baineadh amach na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 a mheas *ex-post* ar bhonn an méid seo a leanas, *inter alia*:

(a) a mhéid atá bonneagair na seirbhíse digití ar fáil, arna mheas le líon na mBallstát atá nasctha le gach bonneagar seirbhíse digití.

(b) céatadán na saoránach agus na ngnólachtaí atá ag úsáid bhonneagair na seirbhíse digití agus a mhéid atá na seirbhísí sin ar fáil thar theorainneacha.

(c) méid na n-infheistíochtaí a mealladh i réimsí na líonraí leathanbhanda agus an éifeacht luamhánaithe, le haghaidh tionscadal a chistítear trí ranníocaíochtaí ó fhoinsí poiblí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(5).

*Airteagal 9*

**Aisghairm**

Aisghairtear leis seo Cinneadh Uimh. 1336/97/CE.

*Airteagal 10*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Márta 2014.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
D. KOURKOULAS

*IARSCRÍBHINN*

**TIONSCADAIL LEASA CHOITINN**

ROINN 1. BONNEAGAIR NA SEIRBHÍSE DIGITÍ

Bíonn idirghabhálacha i réimse bhonneagar na seirbhíse digití ag brath ar chur chuige dhá leibhéal: ardáin chroísheirbhíse agus seirbhísí cineálacha. Ní féidir bonneagar seirbhíse digití a bhunú in éagmais an ardáin chroísheirbhíse.

Leis na hardáin chroísheirbhíse tugtar aghaidh ar riachtanais idir-inoibritheachta agus slándála tionscadal leasa choitinn. Tá siad ceaptha chun gur féidir idirghníomhaíochtaí digiteacha a beith ann idir údaráis phoiblí agus saoránaigh, idir údaráis phoiblí agus gnólachtaí agus eagraíochtaí, nó idir údaráis phoiblí Ballstát éagsúil, trí ardáin idirghníomhaíochta chaighdeánaithe trasteorann atá so-úsáidte.

Bíonn tús áite ag bonneagair na seirbhíse digití ar bloic thógála iad ar bhonneagair eile na de chuid na seirbhíse digití, ó nach féidir na seirbhísí eile sin a sholáthar in éagmais bloc tógála. Is iad na seirbhísí cineálacha a fheidhmíonn mar nasc leis na hardáin chroísheirbhíse agus is dá mbarr is féidir do na seirbhísí náisiúnta breisluacha na hardáin chroísheirbhíse a úsáid. Feidhmíonn siad mar phasáiste idir seirbhísí náisiúnta agus ardáin chroísheirbhíse agus is dá mbarr is féidir le húdaráis phoiblí agus le heagraíochtaí, le gnólachtaí agus/nó le saoránaigh rochtain a fháil ar an ardán croísheirbhíse chun a gcuid idirbheart trasteorann a dhéanamh. Ní mór cáilíocht na seirbhísí agus na tacaíochta do gheallsealbhóirí a bhfuil baint acu le hidirbhearta trasteorann a áirithiú. Ní mór dóibh úsáid ardán croísheirbhíse a thacú agus a spreagadh.

Ní mór díriú ní amháin ar chruthú bhonneagair na seirbhíse digití agus seirbhísí gaolmhara ach ar an rialachas a bhaineann leis na hardáin sin a oibriú freisin.

Ní mór d'ardáin chroísheirbhíse nua a bheith bunaithe go príomha ar ardáin atá ann cheana agus ar a mbloic thógála agus/nó, más féidir é, ní mór dóibh bloic thógála nua a chur leis na cinn atá ann cheana.

1. Is iad seo a leanas na bloic thógála a sainaithníodh le bheith ina gcuid de na cláir oibre, faoi réir Airteagal 6(1) agus Airteagal 6(3):

   (a) Sainaithint leictreonach, agus deimhniú: tagraíonn sé seo do sheirbhísí atá ann chun gur féidir ríomhaitheantas agus ríomhshíniú a shainaithint agus a bhailíochtú thar theorainneacha.

   (b) Ríomhsheachadadh doiciméad: tagraíonn sé seo do sheirbhísí a úsáidtear chun ríomhdhoiciméid a thraschur thar theorainneacha ar bhealach slán inrianaithe.

   (c) Uathaistriúchán: tagraíonn sé seo d'innill uathaistriúcháin agus do shainacmhainní teanga lena n-áirítear na huirlisí agus comhéadain phleanála is gá chun seirbhísí uile-Eorpacha a oibriú i dtimpeallacht ilteangach.

   (d) Tacaíocht do bhonneagair dhigiteacha chriticiúla: tagraíonn sé seo do bhealaí agus d'ardáin chumarsáide atá ceaptha feabhas a chur ar chumas an Aontais a bheith ullamh, faisnéis a roinnt, comhordú a dhéanamh agus déileáil le cibearbhagairtí.

   (e) Ríomhshonrascú: tagraíonn sé seo do sheirbhísí lenar féidir sonraisc a mhalartú go leictreonach ar bhealach slán.

2. Bonneagair na seirbhíse digití atá seanbhunaithe a shainaithnítear go sonrach a bheith incháilithe do chistiúchán lena gcuidítear le seirbhís neamh-idirbhriste a bhaint amach, faoi réir Airteagal 6(1):

   (a) Rochtain ar acmhainní digiteacha de chuid oidhreacht na hEorpa. Tagraíonn sé seo don ardán croísheirbhíse atá bunaithe ar an tairseach Eorpach atá ann faoi láthair. Leis an ardán soláthraítear an pointe rochtana ar ábhar oidhreachta cultúrtha Europeana ar leibhéal míre, tacar de shonraíochtaí comhéadain chun idirghníomhú a dhéanamh leis an mbonneagar (cuardach sonraí, íoslódáil sonraí), tacaíocht d'oiriúnú na meiteashonraí agus d'iontógáil ábhair nua, chomh maith le faisnéis faoi choinníollacha maidir le hathúsáid an ábhair is inrochtana tríd an mbonneagar.

   (b) Bonneagar seirbhíse ar mhaithe le hidirlíon níos sábháilte. Tagraíonn sé seo don ardán ina ndéantar áiseanna ríomhaireachta, bunachair shonraí agus uirlísí bogearraí atá comhroinnte a fháil, a oibriú agus a chothabháil agus lena malartaítear na cleachtais is fearr do na hIonaid d'Idirlíon Níos Sábháilte (IINSanna) sna Ballstáit. Cuimsítear oibríochtaí cúloifige a dhéantar chun tuairisciú ábhar drochúsáide gnéasaí a láimhseáil freisin, mar aon leis an nasc le húdaráis phóilíneachta lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Interpol, agus nuair is iomchuí, an láimhseáil a dhéanann na suímh ghréasáin ábhartha i ndáil leis an ábhar seo a bhaint. Tacóidh bunachair shonraí choiteanna agus córais bhonneagair choiteanna leis seo. Is príomhghné den bhonneagar ar mhaithe le hIdirlíon níos Sábháilte iad IINSanna agus a gcuid gníomhaíochtaí ábhartha amhail línte cabhrach, beolínte, nóid feasachta agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta eile.

3. Bonneagair eile na seirbhíse digití a shainaithnítear le bheith incháilithe do chistiúchán faoi réir Airteagal 6(1):

(a) Seirbhísí ríomhsholáthair idir-inoibritheacha trasteorann: Tagraíonn sé seo do shraith seirbhísí, is féidir le soláthróirí seirbhísí ríomhsholáthair san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a úsáid chun ardáin ríomhsholáthair trasteorann a chur ar bun. Leis an mbonneagar seo, féadfaidh aon chuideachta san Aontas freagra a thabhairt ar nósanna imeachta um sholáthar poiblí ó aon údarás nó eintiteas conarthach in aon Bhallstát a chuimsíonn gníomhaíochtaí ríomhsholáthair réamh-dhámhachtana agus iar-dhámhachtana, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí amhail tairiscintí a chur isteach go leictreonach, sainchomhaid fhíorúla cuideachtaí, ríomhchatalóga, ríomhorduithe agus ríomhshonrascú.

(b) Seirbhísí ríomhshláinte trasteorann idir-inoibritheacha. Tagraíonn sé seo d'ardán lena gcumasaítear an t-idirghníomhú idir saoránaigh/othair agus soláthraithe cúraim shláinte, sonraí a tharchur ó institiúid go hinstitiúid agus ó eagraíocht go heagraíocht, nó cumarsáid piara le piara idir saoránaigh/othair agus/nó gairmithe sláinte agus institiúidí sláinte. Cuimseoidh na seirbhísí seo rochtain trasteorann ar ríomhthaifid sláinte agus ar ríomhsheirbhísí ordaithe cógas comh maith le teilisheirbhísí cianda sláinte/maireachtála cuidithe etc.

(c) Ardán Eorpach d'idirnasc na gclár gnó Eorpach. Tagraíonn sé seo d'ardán a sholáthraíonn sraith d'uirlisí lárnacha agus de sheirbhísí lárnacha lenar féidir do na cláir ghnó sna Ballstáit uile faisnéis a mhalartú faoi ghnólachtaí chláraithe, faoina gcuid brainsí, a gcumaisc agus a bhfoircinn. Soláthróidh sé freisin seirbhís chuardaigh ilnáisiúnta agus ilteangach d'úsáideoirí a úsáideann pointe rochtana lárnach ar féidir rochtain a fháil air tríd an tairseach ríomh-Cheartais.

(d) Rochtain ar fhaisnéis ath-inúsáidte san earnáil phoiblí: Tagraíonn sé seo don ionad ilfhreastail aonair ar na tacair sonraí ilteangacha (teangacha oifigiúla institiúidí an Aontais) atá i seilbh chomhlachtaí poiblí san Aontas ar an leibhéal Eorpach, go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil; uirlisí fiosrúcháin agus léirshamhlaithe de chuid na dtacar sonraí; dearbhú go bhfuil na tacair shonraí atá ar fáil gan tréithe pearsanta luaite, ceadúnaithe agus, más infheidhme, go bhfuil praghas curtha ar a bhfoilsiú, a n-athdháileadh agus a n-athúsáid, lena n-áirítear rian iniúchta foinse sonraí.

Nósanna imeachta leictreonacha maidir le gnólacht a chur agus a choinneáil ar bun i dtír Eorpach eile. Leis an tseirbhís seo féadfar na nósanna imeachta riaracháin ar fad a láimhseáil go leictreonach thar theorainneacha éagsúla trí phointí teagmhála aonair. Ceanglais de chuid Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] is ea an tseirbhís seo.

(e) Seirbhísí trasteorann idir-inoibritheacha ar líne. Tagraíonn sé seo d'ardáin a éascóidh idir-inoibritheacht agus comhar idir na Ballstáit i réimsí an leasa choitinn, go háirithe d'fhonn feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a éascú, amhail ríomh-Cheartas, lena bhféadfar rochtain trasteorann a bheith ag saoránaigh, ag gnólachtaí, ag eagraíochtaí agus ag cleachtóirí dlí ar acmhainní/dhoiciméid dlí agus ar nósanna imeachta breithiúnacha, ar Réiteach Díospóidí ar Líne (ODR) lenar féidir díospóidí trasteorann idir tomhaltóirí agus ceannaithe a réiteach ar líne agus Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) a dhéanamh, rud a chuideoidh le comhlachtaí slándála sóisialta ar fud an Aontais faisnéis a mhalartú ar dhóigh níos gasta agus níos sláine.

ROINN 2. LÍONRAÍ LEATHANBHANDA

1. **Raon feidhme na ngníomhaíochtaí**

Ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a bheidh sna gníomhaíochtaí:

(a) imlonnú bonneagair fhisiciúil éighníomhaigh, bonneagair fhisiciúil ghníomhaigh nó an dá rud a chomhcheangal le heilimintí bonneagair coimhdeacha, chomh maith le seirbhísí is gá chun bonneagar den sórt sin a oibriú;

(b) áiseanna gaolmhara agus seirbhísí gaolmhara, amhail sreangú foirgneamh, aeróga, túir agus struchtúir tacaíochta eile, duchta, seolphíobáin, crainn, dúnphoill agus caibinéid;

(c) sa chás inarb fhéidir, bainfear leas as sineirgí ionchasacha idir imlonnú na líonraí leathanbhanda agus líonraí fóntas eile (fuinneamh, iompar, uisce, séarachas, etc.), go háirithe na seirbhísí sin a bhaineann le dáileadh cliste leictreachais.

2. **Rannchuidiú le spriocanna an Chláir Oibre Dhigitigh don Eoraip a bhaint amach.**

Rannchuideoidh na tionscadail uile a fhaigheann tacaíocht airgeadais faoin roinn seo le spriocanna an Chláir Oibre Dhigitigh don Eoraip a bhaint amach ar bhealach suntasach.

Maidir le gníomhaíochtaí a chisteoidh an tAontas go díreach:

[1] Treoir 2006/123/CE an 12 Nollaig 2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch 36).

(a) beidh siad bunaithe ar theicneolaíocht sreangaithe nó gan sreang, lenar féidir seirbhísí leathanbhanda an-ardluais a sheachadadh, sa dóigh is go sásófar an t-éileamh ar fheidhmchláir a dteastaíonn bandaleithead ard lena n-aghaidh;

(b) beidh siad bunaithe ar shamhlacha gnó nuálacha agus/nó meallfaidh siad catagóirí nua tionscnóirí tionscadail nó catagóirí nua infheisteoirí; nó

(c) beidh ardacmhainn in-mhacasamhlaitheachta iontu, sa dóigh gur féidir leo tionchar níos leithne a imirt ar an margadh de bharr a n-éifeachta léiriúcháin;

(d) beidh siad, sa chás inarb fhéidir sin, ina gcúnamh chun an scoilt dhigiteach a laghdú; nó

(e) comhlíonfaidh siad an dlí is infheidhme, go háirithe dlí na hiomaíochta, agus oibleagáidí rochtana i gcomhréir le Treoir 2002/19/CE.

Gníomhaíochtaí a chisteofar le ranníocaíochtaí imfhálaithe breise a sholáthrófar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, cuirfidh siad go suntasach le cumas an mhargaidh ó thaobh seirbhísí leathanbhanda a chur ar fáil, luasanna na seirbhísí sin agus a dtoilleadh. Tionscadail a sholáthraíonn luasanna traschuir sonraí faoi bhun 30 Mbps, ba cheart go méadóidis na luasanna sin go dtí 30 Mbps ar a laghad agus sa chás inarb fhéidir sin, go dtí 100 Mbps agus níos mó le himeacht ama.

3. **Measúnú tionscadail chun struchtúir cistiúcháin bharrmhaithe a bhunú**

Beidh cur chun feidhme gníomhaíochtaí bunaithe ar mheasúnú tionscadail cuimsitheach. Cuimseoidh an measúnú, *inter alia*, cúinsí margaidh, lena n-áirítear faisnéis faoi bhonneagar atá ann cheana agus/nó faoi bhonneagar atá pleanáilte, oibleagáidí rialála atá ar thionscnóirí tionscadail, chomh maith le straitéisí trádála agus margaíochta. Go háirithe, suífear an méid seo a leanas leis an measúnú tionscadail:

(a) an bhfuil an clár riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamaí, nach féidir a réiteach le bearta rialála;

(b) an dtagann saobhadh ar an margadh agus plódú infheistíochta príobháidí as an gclár.

Bunófar na critéir seo go príomha ar bhonn na hacmhainneachta ioncaim agus an leibhéil riosca a bhaineann leis an tionscadal agus an chineáil limistéir a chuimsítear le gníomhaíocht.

4. **Foinsí cistiúcháin**

(a) Cisteofar tionscadail leasa choitinn i réimse an leathanbhanda le hionstraimí airgeadais. Beidh an buiséad a leithdháilfear ar na hionstraimí sin leordhóthanach, ach ní bheidh sé níos mó ná an tsuim is gá chun idirghabháil lánoibríochtúil agus chun íosmhéid éifeachtach ionstraime a bhaint amach.

(b) Faoi réir rialacha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus na rialacháin ábhartha uile a bhaineann le Cistí SIE, féadfar na hionstraimí airgeadais ábhartha uile dá dtagraítear i bpointe (a) a chomhcheangal le ranníocaíochtaí breise ó na foinsí seo a leanas:

(i) earnálacha eile de chuid SCE,

(ii) ionstraimí, cláir agus línte buiséid eile i mbuiséad an Aontais;

(iii) na Ballstáit, lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla, a chinnfidh ar a gcuid acmhainní féin nó acmhainní a bheidh ar fáil ó Chistí SIE a thabhairt. Beidh ranníocaíochtaí ó Chistí SIE imfhálaithe ar bhonn geografach chun a áirithiú go gcaithfear iad laistigh de Bhallstát nó de réigiún a thugann ranníocaíocht;

(iv) aon infheisteoirí eile, lena n-áirítear infheisteoirí príobháideacha.

(c) Féadfar freisin ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) a chomhcheangal le deontais ó na Ballstáit, lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla, ar mian leo a gcuid acmhainní féin nó acmhainní a bheidh ar fáil ó Chistí SIE a thabhairt, ar choinníoll:

(i) go gcomhlíonann an ghníomhaíocht i gceist na critéir uile maidir le cistiúchán faoin Rialachán seo; agus

(ii) go bhfuarthas an cead ábhartha maidir le Státchabhair a thabhairt.

ROINN 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ COTHROMÁNACHA

Maidir le himlonnú na ngréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide a chuideoidh chun baic ar an Margadh Aonair Digiteach a bhaint, beidh staidéir agus gníomhaíochtaí tacaíochta cláir ag gabháil leo. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis na gníomhaíochtaí seo:

(a) cúnamh teicniúil a thabhairt chun imlonnú agus rialachas gníomhaíochtaí cur chun feidhme a ullmhú nó chun tacú leo, agus chun dul i ngleic le fadhbanna cur chun feidhme atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn; nó

(b) gníomhaíochtaí chun éileamh nua ar bhonneagair na seirbhíse digití a chruthú.

Déanfar an tacaíocht a thabharfaidh an tAontas faoin Rialachán seo a chomhordú le cúnamh ó na foinsí eile uile a bheidh ar fáil, agus san am céanna athdhéanamh bonneagair a sheachaint agus easáitiú infheistíochtaí príobháideacha a chosc.

Tairiscíonn EUR-Lex (http://new.eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA